# SCÁTHÁN

2017



IRIS GHAEILGE
OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA

Bhí comórtas scríbhneoireachta Gaeilge ar siúl do mhic léinn uile na hollscoile le linn an fhómhair 2016. Comhghairdeas ó chroí leis na buaiteoirí—tá a saothar le léamh anseo san iris. Agus buíochas mór le gach duine a chuir isteach ar an gcomórtas. Bígí ag scríobh don bhliain seo chugainn!

Ár mbuíochas freisin leis na foilsitheoirí a thug urraíocht do dhuaiseanna an chomórtais i mbliana: **Cois Life**, **Coiscéim**, **Futa Fata** agus **Tuairisc.ie**.

DCU

**Tá *Scáthán* fíorbhuíoch de Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, as ucht maoiniú agus tacaíocht fhial a chur ar fáil don iris.**

# Clár Scáthán 2017


3

**FÁILTE ROIMH *SCÁTHÁN***
Ciarán Mac Murchaidh

4

**LAOCHRA SPÓIRT INÁR MEASC**
Aidan Geraghty

6

**NÍL AON TINTEÁN MAR DO THINTEÁN FÉIN (SCAITÍ)**
Caoimhe Ní Chonghaile

7

**"TAR AR AIS, A UASAIL ASAL!"**
Sinéad Ní Shúilleabháin

9

**AN CUMANN GAELACH 2016–2017**
Emmeline Ní Mháille

10

**BÍ ID' AINGEAL DOM**
Colm Ó Foghlú

11

**MÍONNAÍ ULTACHA NA BLIANA**
Aodán Ó Gallchóir

12

**MÁIRÍN & MÁIRE: COMHRÁ AGUS CEILIÚRADH**
Anna Heussaff

16

**AN CHÉAD *SCÁTHÁN***
Colmán Ó Raghallaigh

17

**AN SNAG BREAC ILDAITE**
Emma Ferguson

18

**I dTREO NA RÉALTAÍ**
Aisling Molloy

19

**SCRÍOBH GAN CHÓNAÍ?**
Anna Heussaff

21

**I nDILCHUIMHNE AR AN DR PEADAR Ó FLATHARTA**
Ciarán Mac Murchaidh

23

**MO LÉAN, SAOL AN MHIC LÉINN**
Caoimhe Ní Chonghaile

24

**NOD DON EOLEOLAÍ**
Cal Ó Donnabháin

25

**DRÁMAÍOCHT NA GAEILGE I LÁR AN STÁITSE / NOLLAIG DHIFRIÚIL**
Chelsey Murray / Rachel Smith

26

**AG CUIMHNEAMH SIAR AR CHOLÁISTE PHÁDRAIG**
Tadhg Mac Dhonnagáin

28

**PEILEADÓIRÍ, POLAITEOIRÍ AGUS SCRÍBHNEOIRÍ PINN**
Caoimhe Nic Lochlainn

29

**ÉALÚ**
Patrick Nolan

30

**SAOL AN FHILE**
Caitríona Ní Chléirchín

32

**CÉIMEANNA CEOLMHARA: AGALLAMH LE COLM Ó FOGHLÚ**
Caoimhe Ní Chonghaile

34

**EIBHLÍN**
Ben Pantrey

35

**ANAITHNID / RÁIG / IS CLOÍTE AN GALAR AN GRÁ**
Rebecca Lawless / Sarah Beth Henry / Chelsey Murray

36

**CAITHEAMH AIMSIRE / BOGHA BÁISTÍ / AN CÁCA NOLLAG**
Wendy Buchanan / Cheyenne Holmes / Laura Welch

# SCÁTHÁN 2017

**Coiste eagarthóireachta**
Anna Heussaff
Caitríona Ní Chléirchín
Caoimhe Nic Lochlainn
Aodán Ó Gallchóir
John Woods

**Dearthóir**
Ronan Doherty

**Íomhá chlúdaigh**
Deirbhile Ní Chathail

**Scríbhneoirí**
Is iad mic léinn, iarmhic léinn agus foireann reatha Ollscoil Chathair Bhaile Cliath a scríobh na míreanna san iris seo. Luaitear cúrsa agus bliainghrúpa na mac léinn idir lúibíní nuair is cuí.

**Buíochas**
Ciarán Mac Murchaidh, Uáitéar Mac Gearailt, Caoimhe Ní Chonghaile, Barra Ó Scannláin, Aidan Geraghty, foireann Fiontar agus Scoil na Gaeilge.

**Teagmháil**
Rphost: iris.scathan@dcu.ie
Gréasán: www.scathan.ie
Facebook: Scáthán DCU

© *Scáthán* 2017

Ní gá gurb ionann na tuairimí a nochtar anseo agus tuairimí choiste eagarthóireachta *Scáthán* ná tuairimí aon bhaill foirne de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



**Triúr de choiste eagarthóireachta *Scáthán* (ó chlé go deas):** Caoimhe Nic Lochlainn, Anna Heussaff agus Aodán Ó Gallchóir.




**Meitheal deartha na hirise (ó chlé go deas):** John Woods, Caoimhe Nic Lochlainn, Caitríona Ní Chléirchín, Ronan Doherty, Caoimhe Ní Chonghaile agus Barra Ó Scannláin.



**#VivaLaGaeilge:** Rinneadh athchóiriú iomlán ar an Seomra Caidrimh le linn na bliana. Tá an spás ar fáil dóibh siúd ar mian leo a gcuid Gaeilge a úsáid agus a fheabhsú i dtimpeallacht fháilteach chompordach.

# FÁILTE ROIMH SCÁTHÁN



RÉAMHRÁ LE
**CIARÁN MAC MURCHAIDH
(CEANN SCOILE, FSG)**

Cúis an-áthais ar fad domsa fáilte ó chroí a chur roimh theacht *Scáthán* ar an saol arís. Tá iris Ghaeilge na mac léinn ó aimsir Choláiste Phádraig ar ais arís inár measc faoi chló nua—iris Ghaeilge do mhic léinn uile na hOllscoile méadaithe.

Ainmníodh go maith í mar iris, nó bhí sé i gceist riamh go mbeadh sí ina scáthán ar shaol agus ar shaothar na mac léinn. Is iomaí mac léinn a d'fhoilsigh a c(h)éad iarrachtaí litríochta ar an iris agus tá an deis sin chomh tábhachtach inniu agus a bhí sí riamh. Le bunú na Scoile nua, Fiontar agus Scoil na Gaeilge, tá glúin nua mac léinn ag scríobh faoi ghnéithe éagsúla dá saol féin trí mheán na Gaeilge—an spórt, an iriseoireacht, an litríocht, an ceol agus go leor eile. Agus tá gliondar orainn a saothar a thréaslú le buaiteoirí an chomórtais scríbhneoireachta—maith sibh uilig!

Beidh *Scáthán* ar fáil ar líne agus tá sé sin ag teacht leis na treochtaí is nua-aimseartha in earnáil na foilsitheoireachta, i réimse an oideachais (go háirithe in DCU) agus i saol na Gaeilge féin. Ag an am céanna, tá oidhreacht na hirise i gColáiste Phádraig á ceiliúradh in eagrán 2017, agus é 40 bliain ó foilsíodh *Scáthán* ar dtús sa bhliain 1977.

Feicfidh duine ar bith a bhreathnós ar an iris nua go bhfuil saol na mac léinn agus go deimhin saol phobal na Gaeilge uile chomh bisiúil, éagsúil, suimiúil agus a bhí riamh agus go bhfuil glúin óg inár measc atá sásta lóchrann na Gaeilge a iompar ar aghaidh go muiníneach. Níl aon amhras orm ach go mbeadh bunaitheoirí na hirise rí-bhródúil as saothar na glúine nua seo. Ba mhaith liom obair agus fuinneamh an choiste eagarthóireachta go léir—idir fhoireann agus mhic léinn—a thréaslú leo agus guím gach rath ar an iris i mbliana agus sna blianta eile a shíneann amach romhainn. Go maire sibh bhur saothar!

# LAOCHRA SPÓIRT





# INÁR MEASC

Brú, brú, brú de shíor. Léachtaí, staidéar, tionscadail, scrúduithe—agus fós tá mic léinn inár measc a bhfuil cáil orthu as éachtaí iontacha spóirt, ceoil nó imeachtaí eile a éilíonn a lán lán dua agus ama. Chas Aidan Geraghty le beirt de laochra spóirt na hollscoile, na peileadóirí iomráiteacha Ciarán Kilkenny agus Muireann Ní Scanaill.

FAOI AGALLAMH AG
**AIDAN GERAGHTY (GI3)**

Grianghraif:
Piaras Ó Midheach/Sportsfile

"An chúis gur éirigh chomh maith linn i mbliana ná gur ghlac gach duine ar an bpainéal le freagracht astu féin."

Tá dhá thraidsiún beo bríomhar i nDroim Conrach inniu mar a bhí riamh anall, traidisiún na peile agus traidisiún na Gaeilge. Is mic léinn oideachais iad Muireann Ní Scanaill, atá ar fhoireann na mban do Bhaile Átha Cliath—foireann a chaill cluiche ceannais na hÉireann 2016, agus an-chonspóid faoi sin—agus Ciarán Kilkenny, atá ar fhoireann na bhfear do Bhaile Átha Cliath, a bhuaigh Craobh na hÉireann anuraidh. Tógadh an bheirt acu le Gaeilge freisin.

Shroich Muireann agus a foireann an cluiche ceannais in 2016 don tríú bliain as a chéile—agus chaill siad i gcoinne fhoireann Chorcaí gach uair. Ní raibh duine ar bith in ann argóint a dhéanamh faoin toradh in 2014 agus 2015, ach in 2016 d'éirigh conspóid faoi chinneadh maoir a bhronn an bua ar Chorcaigh.

Le pointe amháin a bhuaigh Corcaigh an chraobh—ach bhí pointe tuillte ag Baile Átha Cliath sa chéad leath nár comhairíodh toisc gur chreid an maor go raibh an liathróid imithe amú.

"Tá sé deacair labhairt faoi fós," a deir Muireann.

"Ní rud maith é, ach tharla sé agus caithfimid déileáil leis. Le cúnamh Dé, ní bheidh an fhadhb sin ann arís sa todhchaí."

Cé gur imríodh an cluiche i bPáirc an Chrócaigh, ní raibh an córas 'Hawk-Eye' ar fáil toisc nach bhfuil cead ag Cumann Pheil na mBan (CPB) é a úsáid. Dar le Muireann, beidh an craobhchluiche in úsáid ag an CPB agus iad ag iarraidh a thaispeáint do lucht rialaithe an Chumainn Lúthchleas Gael (CLG) chomh riachtanach is atá Hawk-Eye.

"Beidh an CPB in ann a rá: 'Is gá an teicneolaíocht seo a chur ar fáil dúinn don chraobh mar is féidir le daoine botúin a dhéanamh—agus déanann na botúin sin an-difríocht."

Tá Ciarán Kilkenny ar fhoireann na bhfear le Baile Átha Cliath. Tá trí bhonn Uile-Éireann aige, cé nach bhfuil sé ach trí bliana is fiche d'aois. Bhuaigh na sinsir craobh eile i 2011 sula raibh sé ag imirt leo, ach níl suim aige fós i gcomparáidí idir an fhoireann seo agus foireann na seachtóidí.

"Is deacair comparáid a dhéanamh go fóill. B'fhoireann iontach inspioráideach foireann na 1970idí, spreagadar agus chruthaíodar an cultúr agus an stíl imeartha atá againne inniu."

"Bhí imreoirí den scoth acu agus ceannairí láidre, agus is cinnte nach mbeimis chomh rathúil gan iad."

Chomh maith leis an rath a bhí air ó thús a ré idirchontae, bhí bliain den scoth ag an chlub, Caisleán Cnucha, i gcraobh Bhaile Átha Cliath. Shroich siad cluiche ceannais an chontae mar ar chaill siad in aghaidh Naomh Uinsionn.

"Ní dóigh liom gur féidir le haon imreoir amháin glacadh leis an gcreidiúint ar fad," arsa Ciarán, nuair a ceistíodh é faoin ról a bhí aige sa rath seo ar an gclub.

"Ní féidir le haon imreoir amháin glacadh leis an milleán ar fad ar an lámh eile, nuair nach bhfuil rudaí ag dul go maith.

"An chúis gur éirigh chomh maith linn i mbliana ná gur ghlac gach duine ar an bpainéal le freagracht astu féin."


Agus ní féidir riamh suí siar ná bheith sásta leis an méid a bhaintear amach le linn séasúir amháin.

"Beimid ag tosú ón tús arís an bhliain seo chugainn agus beidh orainn ar fad oibriú chomh dian agus níos déine fós."

Beidh an meon ceanann céanna ag Muireann agus ag foireann na mban freisin. An tréith is suntasaí ag foirne Bhaile Átha Cliath, fir agus mná, ná an diongbháilteacht atá acu araon—an diúltú sin glacadh le cailliúint cluichí.

Feicfimid an tréith sin arís in 2017 agus is féidir a bheith cinnte go mbeidh siad san iomaíocht go tréan do Chraobh na hÉireann arís.

# NÍL AON TINTEÁN MAR DO THINTEÁN FÉIN (SCAITÍ)



GEARRSCÉAL LE
**CAOIMHE NÍ CHONGHAILE (B0id2)**

**BUAITEOIR, 1ú DUAIS**
DÉAGLITRÍOCHT
*Urraithe ag* ***Cois Life***

Trína cuid súl tirim tinn is ar éigean a bhí Ríona in ann an íomhá thruamhéalach sa scáthán a dhéanamh amach. Ach níorbh aon drochrud é sin, dar léi. Mar más cur in iúl cruinn den ré roithleagán ina cloigeann agus an Sahára ina scornach a bhí ina cuma fhisiciúil bhí sí chomh maith as aineolach. Lomnocht a bhí sí ó bhun go barr gan tada lena colainn a chlúdach seachas stríocaí móra donna ó dhath bréige.

Maidin Dé Máirt! An dara maidin dá saol ollscoile agus cheana féin bhí sí tar éis 'cliché' mór a dhéanamh di féin. Lig Ríona osna aisti agus rinne iarracht mhór gan urlacan ar urlár an tseomra leapan. Gan amhras, ní bheadh an strainséir a bhí ag srannadh leis sa leaba róshásta dá ndúiseodh sé agus an t-urlár clúdaithe le múisc. Mar aon leis sin, níor theastaigh ó Ríona a chuid airde a tharraingt uirthi. Níor bhreathnaigh sí ar a aghaidh ó dhúisigh sí fiú. Samhlaigh dá mbeadh aithne aige uirthi nó go mbeadh aithne súl aige uirthi de bharr thaithí na hoíche aréir as seo amach! Chuir an smaoineamh déistin uirthi. Rud eile a bhí ag cur déistin uirthi ná an boladh a bhí ag teacht uaithi; toitíní (cé nár chaith sí), beoir, vodca, sambúca, dath bréige, burgar agus 'buachaill'...

Bheadh gá le cith i ndáiríre sula bhfágfadh sí le dul amach faoin saol mór breithiúnach. Buíochas le Dia go raibh 'en-suite' sa seomra. Bhí an chuma ar mo dhuine nach raibh oíche chodlata faighte riamh ina shaol aige ón ngleo a bhí ag teacht uaidh agus mar sin bhraith Ríona go mbeadh sí sábháilte go maith léim faoin uisce ar feadh cúig nóiméad.

Lig sí do na braonta bídeacha teasa a droim a bhualadh fad is gur phlúch sí an boladh a bhí ag teacht uaithi le méid mór 'Nivea for Men'. Agus í ag breathnú ar an linn donn uisce ag a cosa chinn sí nach raibh aon cheo *uafásach* déanta aici cé nár mhaith léi é a dhéanamh arís. Nach cuma gur chodail sí le strainséir agus gan mórán de chuimhne aici ar an ngníomh; nó le bheith iomlán fírinneach, ar an gcuid eile den oíche ó d'fhág sí na réamhdheochanna. Rinne gach duine sa choláiste é! Cineál deasghnáth aistrithe saoil a bhí ann agus ar a laghad bhí sé déanta go deas luath aici!

Agus í ag aireachtáil oiread na fríde níos fearr fúithi féin sheas Ríona as an gcith agus chlúdaigh a corp fuar le tuáille tais a bhí fágtha ar an radaitheoir. D'fhág cuid den dea-ghiúmar a chothaigh sí sa chith, áfach, nuair a chuimhnigh sí ar na héadaí a bheadh le caitheamh aici ar an turas abhaile—gúna beag bándearg le sála millteacha bána. Bheadh sé dodhéanta a chur ina luí ar dhaoine nach raibh inti ach 'duine de na cailíní sin a dhéanann iarracht' don ollscoil. Ina áit sin sórt seó a bheadh inti do ghnáthdhaoine sibhialta le deis a thabhairt dóibh aon éirí in airde iontu a scaoileadh amach le súile móra méadaithe, beola brúite le chéile mar a bheadh trosc ann, agus i gcásanna fir (gnéasaíoch; ach blaiseann an fhírinne searbh) séideadh adhairce.

Rith sé léi ansin nach raibh tuairim faoin spéir aici cá raibh sí. Ní raibh aithne aici ar an gceantar go fóill. An mbeadh sí in ann siúl abhaile nó an mbeadh bus nó tacsaí ag teastáil? Leis an mbuairt seo ag neartú d'oscail sí cuirtíní bláthacha na fuinneoige go mall réidh le seans a thabhairt dá súile pianmhara dul i dtaithí ar an solas nádúrtha. Faoiseamh! B'in an chéad rud a bhraith sí nuair a bhreathnaigh sí go drogallach amach an fhuinneog.

Bhí sí in ann balla cloiche liath an choláiste a fheiceáil. Caithfidh sé nach raibh sí rófhada mar sin óna teach féin mar go raibh radharc den choláiste aicise freisin! Dá mbeadh an t-ádh léi ní bheadh ach cúpla nóiméad siúil le déanamh. B'fhéidir fiú amháin go mbeadh sí in ann na sála a iompar ina lámh agus húdaí de chuid an bhuachalla a chrochadh léi! Buachaill, dála an scéil, a raibh an chosúlacht fós air gur theastaigh áit uaidh i ndráma 'Codladh Céad Bliain'.

Cinnte dhéanfadh easpa sála agus húdaí an tsiúlóid i bhfad níos éasca. Bheadh sí in ann a bealach a dhéanamh abhaile i bhfad níos sciobtha agus cheapfadh daoine nach raibh inti ach sórt hiopstar dílis! Agus straois ar a haghaidh, d'oscail Ríona ceann de na cófraí sa seomra nach raibh iomlán dúnta agus bhain amach húdaí. Gan amhras, níorbh é an rud ceart le déanamh ach ní tharlódh sé arís. Rinneadh an cinneadh sin sa chith!

Chuir Ríona an húdaí uirthi agus ghabh buíochas le Dia go raibh sé i bhfad rómhór agus nach raibh aon bhranda cáiliúil ar a thosach. Chabhródh sé léi íomhá réalaíoch hiopstair a chruthú. Ag caitheamh súl den uair dheireanach ar dhroim an strainséara chodlataigh, shiúil sí as an seomra ar bharr a barraicíní. Ba le bród agus lúcháir ansin a d'éirigh léi doras an tseomra codlata a dhúnadh.

Ach chomh luath agus a thosaigh Ríona ag déanamh a bealaigh tríd an halla d'éalaigh a gliondar agus a háthas agus ina n-áit d'fhás imní agus uafás. Bhí rud éicint mínádúrtha faoi seo ar fad. Bhraith sí go raibh beagnach seanaithne aici ar an áit. Gheallfadh sí go raibh na ballaí glasa agus na doirse adhmaid sin...

Ansin mar a bheadh bolgáin solais fíorgheal ann, thuig sí! Trí dhoras sheomra codlata eile bhí an fhianaise a theastaigh uaithi; pictiúr di féin agus dá clann a chroch sí ar an mballa tráthnóna Dé Domhnaigh agus cumha uirthi! Thosaigh a croí ag preabadh amhail is gur theastaigh uaidh pléascadh, bhí allas mar a bheadh sruthán ag snámh síos a droim, bhí an phian ina cloigeann mar a bheadh casúr mór tiubh ann ag iarraidh í a chaochadh agus ní raibh ach aidhm amháin ag a bolg... Rith sí chun an leithris; rud a bhí iomlán indéanta toisc gur ina tinteán féin a bhí sí, agus chaith sí aníos gach ní beo dá raibh ina goile.

Nuair a tháinig sí aníos ón mbabhla le hanáil a tharraingt chuala sí glór domhain ar a cúl ag cur a tuairisce. Bhí a hainm ar eolas aige! Bhí karma ina raicleach cheart scaití! 'Gheobhaidh mé uisce duit,' a dúirt sé. 'Agus Ríona, coinnigh an húdaí. Níor thaitin sé mórán liom ar aon nós.'



Grianghraf:
Deirbhile Ní Chathail (GG2)

# "TAR AR AIS, A UASAIL ASAL!"



SCÉAL LE
**SINÉAD NÍ SHÚILLEABHÁIN (MG02)**

"Táim bréan de! Níl faic anseo ach féar, tuí agus bláthanna le hithe. Bléach! Táim chun dul chuig Tír na Milseán, áit ina mbíonn bia blasta i gcónaí. Deirtear go bhfuil na crainn déanta as seacláid agus na tithe déanta as arán sinséir!" arsa an tUasal Asal.

"Níl a fhios agam faoi sin, a Uasail Asal", a d'fhreagair Bean Uí Chapaill.

"Tá an baile seo againne go deas. Tá an feirmeoir an-chairdiúil agus tugann sí aire dúinn an t-am ar fad. Tá an fheirm seo deas compordach, agus bíonn an-spraoi againn leis na héin sa choill mhór, leis na héisc sa loch agus leis na hainmhithe eile ar an bhfeirm. Féach ar an Uasal Muc, atá ag lapadaíl sa láib. Bíonn sé i gcónaí ag gáire agus ag insint scéalta magaidh. Nó féach ar Iníon Ní Shicín, bíonn sí i gcónaí ag cuidiú agus ag tabhairt tacaíochta dúinn. An cuimhin leat an lá a chaill tú do hata? Chuardaigh sí ó thús go deireadh an lae leat. Tá do chairde anseo, a Uasail Asal!"

"Ach beidh mé ábalta bualadh le cairde nua i dTír na Milseán. Chuala mé go bhfuil an fear sinséir an-ghreannmhar agus go mbeidh Hansel agus Gretal ann freisin."

Agus leis sin, phacáil sé a mhála le gach rud a bhí ag teastáil uaidh. Agus ar ndóigh, a theidí, Sam.

"Slán leat!" arsa Bean Uí Chapaill, ag croitheadh a cinn.

"Ádh mór!" arsa an tUasal Muc, ag glanadh na ndeor.

"Go n-éirí an bóthar leat!" arsa Iníon Ní Shicín, ag giolcaireacht go brónach.

D'fhág sé an fheirm. Shiúil sé trasna na páirce, léim sé thar an mballa, agus chuaigh sé ag spágáil trasna na habhann.

Bhuail sé le luch bheag a bhí ag bailiú cnónna. "Conas atá tú, a Uasail Asal?" a d'fhiafraigh an luch bheag ghleoite. "Cá bhfuil tú ag dul?"

"Táim ag taisteal go Tír na Milseán!" arsa an tUasal Asal.

Tháinig dreach scanraithe ar an luch.

"T-T-T-Tír na Milseán? Chuaigh mo chol ceathrair go Tír na Milseán agus níor tháinig sé ar ais!"

"B'fhéidir go raibh sé chomh spraíúil ann nár theastaigh uaidh teacht abhaile!" a d'fhreagair an tUasal Asal. "Bhuel, slán!" agus lean sé ar aghaidh, ag feadaíl.

Bhí sé ag ag dul suas cnoc mór nuair a bhuail sé le madra rua.

"Conas atá tú, a Uasail Asal?" a d'fhiafraigh an madra rua glic. "Cá bhfuil tú ag dul?"

"Táim ag taisteal go Tír na Milseán!" arsa an tUasal Asal.

Tháinig dreach scanraithe ar an madra rua.

"Chuala mé go bhfuil arracht mór millteach ina chónaí i dTír na Milseán le craiceann glas agus starrfhiacla ollmhóra air!"

"Níl sé sin fíor ar chor ar bith" a d'fhreagair an tUasal Asal, cé go raibh sé ag éirí saghas amhrasach. "Níl tú ach ag smaoineamh ar Shrek, agus chuala mé go raibh sé an-ghealgháireach! Bhuel, slán!" Lean sé ar aghaidh, ag feadaíl an t-am ar fad.

Bhí an tUasal Asal ag siúl in aice na habhann. Bhuail sé le bradán.

"Conas atá tú, a Uasail Asal?" a d'fhiafraigh an bradán cliste críonna. "Cá bhfuil tú ag dul?"

"Táim ag taisteal go Tír na Milseán!" arsa an tUasal Asal.

Tháinig dreach scanraithe ar an mbradán.

"Ná téigh ansin, is tír ghránna í! Cúpla bliain ó shin, ghlac arrachtaí, drochshióga agus trollanna seilbh iomlán ar Thír na Milseán. Chuir siad Shrek agus a chairde amach! Ach bhí siad róshantach, d'ith siad gach uile mhilseán sa tír. Agus anois, is áit ghránna, scanrúil í. Tá fearg an domhain ar na drochneacha, cionn is go bhfuil na milseáin imithe. Anois itheann siad gach treaspásóir."

"Níl sé fíor, níl tú ach ag insint bréag," arsa an tUasal Asal. Bhí dreach scanraithe air anois freisin, ach lean sé ar aghaidh ag feadaíl.

Tamall ina dhiaidh sin, shroich sé an bóthar go Tír na Milseán. Stop sé agus d'fhéach sé go faiteach air. Chuaigh an bóthar trí choill. Bhí sé dorcha faoi bhrat ceo. Chaith na crainn chama scáthanna aisteacha ar an talamh. Agus bhí sé ciúin.

"Róchiúin," a shíl sé.

Rinne sé slogóg mhór agus chuaigh sé isteach san fhoraois.

Shiúil an tUasal Asail trí na duilleoga marbha ar bharr a chrúibíní. Stop sé den fheadaíl. D'fhéach sé timpeall air go heaglach.

"Ní maith liom an áit seo" a shíl sé.

I ngan fhios dó, leag sé crúibín ar chipín. Baineadh blosc as an gcipín. Lig an tUasal Asal scréach as!

D'fhéach sé ar an talamh.

"Ó bhó go deo! Ní raibh ann ach cipín. Nach amadán mé!"

Go tobann, thosaigh na duilleoga ag crith. Rinneadh staic den Uasal Asal arís. Chuala sé coiscéimeanna torannacha i measc na dtom. Chuala sé guth domhain ag caint os ard: "TÁ RUD ÉIGIN ISTIGH IN ÁR BHFORAOIS!" Agus glór eile: "GO MAITH! NÍOR ITH MÉ BRICFEASTA INNIU AGUS TÁ OCRAS ORM!!!"

Bhí na coiscéimeanna ag éirí níos tapúla agus níos gaire dó.

Lig an tUasal Asal béic as. Rith se ar nós na gaoithe as an bhforaois. Shnámh sé go sciobtha thar an mbradán cliste críonna. Léim sé de ruathar thar an madra rua glic. Chuaigh sé ar cosa in airde thar an luch bheag ghleoite. Rith sé agus rith sé agus rith sé go dtí go raibh sé ar ais ar an bhfeirm.

Bhí lúcháir an domhain ar ainmhithe na feirme an tUasal Asal a fheiceáil arís. Bhailigh siad timpeall air agus chuir siad fáilte ar ais roimhe.

"Ní fhágfaidh mé an fheirm dheas arís go brách!" arsa an tUasal Asal.

**BUAITEOIR, 1ú DUAIS**
SCÉAL DO PHÁISTÍ
*Urraithe ag* ***Futa Fata***





# AN CUMANN GAELACH 2016-2017






















TUAIRISC LE
**EMMELINE NÍ MHÁILLE (BOid2)**

Bunaíodh Cumann Gaelach úrnua in DCU i mbliana nuair a tháinig Cumann Gaelach Choláiste Phádraig agus Cumann Gaelach DCU le chéile i mí Mheán Fómhair. Agus is fíor a rá go raibh seimeastar den scoth againn go dtí seo!

Is é príomhaidhm an chumainn ná an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hollscoile agus is léir na hiarrachtaí uilig atá déanta againn chuige seo le cúpla mí anuas. Seoladh an seomra caidrimh nua ar Champas Phádraig ag tús mhí Mheán Fómhair agus baintear an-úsáid as. Chuile Mháirt, bíonn 'Tae agus Plé' ar siúl ann agus cuirtear fáilte roimh chuile dhuine teacht agus a gcuid Gaeilge a chleachtadh in atmaisféar dearfach, beomhar, Gaelach. Ar champas Ghlas Naíon, bíonn a leithéid ar siúl ar an gCéadaoin, ócáid sheachtainiúil darb ainm 'Club Comhrá'. Brioscaí, tae, caifé agus craic saor in aisce Dé Máirt agus Dé Céadaoin! Céard eile a bheadh uait le labhairt as Gaeilge?!

Bhuel, mar fhreagra ar an gceist sin—Oireachtas na Samhna! Bhí os cionn 50 duine de mhuintir DCU ann agus an chraic thar barr. Oíche Aoine agus oíche Shathairn a bhíomar ann agus an-taitneamh á bhaint againn as an gcomhluadar! Ceol agus ól trí mheán na Gaeilge chomh maith le buachaillí agus cailíní ó Chumainn Ghaelacha i gcéin. An féidir le rudaí a bheith níos fearr?!

Ghlac an cumann páirt i bhfeachtais de chuid Chonradh na Gaeilge freisin. I gcás 'Comhrá '16', d'fhanamar inár suí ar feadh na hoíche ag comhrá, ag imirt cluichí agus ag déanamh iarrachta gan titim inár gcodladh os comhair an ríomhaire glúine! Agus is éard a bhí i gceist le 'Gaeilge 24' ná an dúshlán a thabhairt do dhaoine t-léine a chaitheamh a raibh 'Labhair

Gaeilge liom inniu' scríofa air agus ansin Gaeilge amháin a labhairt an lá ar fad—24 uair an chloig mar a bhí sa teideal. Chonacthas go leor t-léinte ar an dá champas agus bhí 'Tae agus Plé' speisialta ar siúl an lá sin. Anuas air sin, san oíche bhí seisiún ceoil sa Chat & Cage agus ar aghaidh linn as sin go dtí Club Chonradh na Gaeilge, áit ar bhuail muid le lucht na gcoláistí eile a bhí á dhéanamh.

Rud eile a reáchtáil an cumann ná ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí sa chéad seimeastar. Bhí suim mhór ag muintir Ghlas Naíon iontu, go háirithe mic léinn Erasmus. Beidh ranganna Gaeilge ag tosú ar Champas Phádraig sa chéad seimeastar eile ag díriú ar iarratasóirí PME (an mháistreacht sa mhúinteoireacht bunscoile).

Ag deireadh an tseimeastair bhí Féile na Nollag DCU ar siúl ar Champas Phádraig. Ar an Luan, thosaíomar le hócáid 'An rud is fearr liom faoin Nollaig ná...'. Scríobh muintir an choláiste an rud ab fhearr leo faoin Nollaig ar nóta post-it, ansin bhí crannchur ann agus duaiseanna le buachaint do na freagraí ab fhearr. Ar an Máirt bhí 'Pióga agus Plé' ar siúl in áit 'Tae agus Plé', le ceol na Nollag, pióga, seacláid agus fiú amháin Daidí na Nollag! Críochnaíodh an fhéile le Balla na Gaeilge ar an Déardaoin. Scríobh daoine teachtaireachtaí Nollag ar an mballa os comhair Java. B'iontach an rud é le hatmaisféar Nollag a chruthú timpeall an choláiste.

Céard atá i ndán don chumann an chéad seimeastar eile? Beidh go leor imeachtaí ar siúl ar nós 'Pop-up Gaeltacht', ranganna Gaeilge, dátaí dalla dátheangacha, comórtas peile cúigear an taobh, 'Bean an Tí sa Chistin', 'Tae agus Plé' agus 'Club Comhrá'. Chomh maith leis sin, tá an tseachtain is fearr i saol na Gaeilge ag druidim linn go luath, Seachtain na Gaeilge, ina mbeidh aoichainteoirí, céilithe agus imeachtaí eile ar siúl do lucht na hollscoile. Chomh maith leis sin, tá caint ar chuairt ón mbanna ceoil cáiliúil 'Seo Linn'... Ní bheidh díomá oraibh le Cumann Gaelach DCU, tá an méid sin fíor!

# Bí id' aingeal dom



DÁN LE
**COLM Ó FOGHLÚ (MG01)**

Bí id' aingeal dom, faram de shíor,
Mar ghrian agus gealach i gcónaí bí tharam.
Bí id' lóchrann dom, geal agus fíor,
Is faoi mar a shroicheann na tonnta an trá,
Braithimse i gcónaí sólás do ghrá,
Díbir led' sciathán gach baol,
Treoraigh led' sholas mo shaol.

Lá i ndiaidh lae is ó oíche go maidin,
Treoraigh is cosain mé gach áit a mbím.
I ngar nó i gcéin, i gcónaí 'mo theannta,
Gach coiscéim a thógaim bí liom ar an tslí.

Duibhe ag titim, an lá ina luí,
Las dom na réalta, mo bhealach a ghealú,
Slán i mo shuan i bhfearann na sí
Is faoi mar a shroicheann na tonnta an trá,
Go bhfaire tú orm go dtiocfaidh an lá,
Díbir led' sciathán gach baol,
Treoraigh led' sholas mo shaol.

**COISCÉIM**

**BUAITEOIR, 1ú DUAIS**
FILÍOCHT
*Urraithe ag* ***Coiscéim***

# MÍONNAÍ ULTACHA NA BLIANA



SAIBHREAS GAEILGE LE
**AODÁN Ó GALLCHÓIR (MGO1)**

Tá seanchleachtadh againn ar an déanamh agus na leaganacha a bhíonn ar míonnaí na bliana anseo i gCúige Uladh ach táid tite chun boilg le húsáid. Ba é sin an chúis ar bheartaigh mé na cinn seo a chur i gcionn a chéile, is cinn iad a baineadh as dul cainte na ndúchasach Gaeltachta. Tá an liosta thíos ina eiseamláir shamplach den saibhreas atá linn go fóill, saibhreas atá á chraobhscaoileadh i gCúige Uladh i dtólamh.

An chloch is mó ar mo phaidrín ná na leaganacha a scríobh de réir na foghraíochta ach chan fhuil an cumas sin agam go fóill.

Tá an liosta seo ar fáil daoibh le cur le Gaeilge seo ár linne, ionas go mbeidh siad bríoch agus beathaithe i seomraí ranga na Gaeltachta agus na Galltachta.

## AN GEIMHREADH

***Mí na Samhna***
Samhain; An tSamhain; Fá Shamhain; Mí na Marbh

***Mí na Nollag***
Nollaig (SL: Nodlaig); An Nollaig; Fá Nollaig; Mí na Nodlag

***Mí Eanáir***
Eanáir (SL: Eanar); Mí Eanair (SL); An Chéad Mhí; Mí na Bliana Úire

## AN tEARRACH

***Mí Feabhra***
Feabhra; Mí na Feabhra; Na Faoilligh; Mí na bhFaoilleach; Mí na Féile Bríde (SL: Mí na Feil' Brighde); Feil Bríde (LC)

***Mí an Mhárta***
Márta; An Márta; Mí Mhárta; Mí na nGéag; Mí na Féile Pádraig; Mí Fheil' Pádraig na bhFeart (LE, 1924); Feil Pádraig (LC)

***Mí an Aibreáin***
Aibreán; An t-Aibreán; Mí Aibreáin; Mí fá Cháisc (SL: Mí fó Cháisc); Mí na Cásca; Mí na Riabhóige; Mí na nAmadán

## AN SAMHRADH

***Mí na Bealtaine***
Bealtaine; Beáltaine (SL); An Bhealtaine; Fá Bhealtaine

***Mí an Mheithimh***
Meitheamh; Mí Mheithimh; An Mhí Mheáin (SL: An Mhí Mheadhoin); Mí Mheáin an tSamhraidh (SL: Mí Mheadhoin...); Mí Lár an tSamhraidh; Mí na Féile Eoin; Feil Eoghain (LC)

***Mí Iúil***
Iúl; An Mhí Bhuidhe (SL ar 'Bhuí'); Mí na hIlle; Mí na gCos Buí; Mí na Súl Buí (SL: Mí na Súl Buidhe)

## AN FÓMHAR

***Mí Lúnasa***
Lúnasa (SL: Lughnasna, Lúghnasa); An Lúnasa (SL: An Lughnasna); Fá Lúnasa; Mí na Féile Muire; Feil Muire (LC); An Chéad mhí d'Fhómhar

***Mí Meán Fómhair***
Meán Fómhair (Meadhon Foghmhair — LE, 1940); Márta an Fhómhair (SL: Márta an Fhoghmhair); Mí Mheán an Fhómhair (SL: Mí Mheadhoin an Fhoghmhair); Meán Fómhair (SL: Meadhon Fóghmhair); Mí na Féile Mícheáil (LC: Mí na Feil' Mícheáil); Feil Micheáil

***Mí Dheireadh Fómhair***
Deireadh Fómhair; Deireadh an Fhómhair; Mí Dheireadh an Fómhair (SL: Mí Dheireadh an Fhoghmhair); Deire Foghmhair (LE, 1949); Mí an Phaidrín



**Noda**
SL: Seanlitriú
LE: Leagan Eagarthóra *An t-Ultach*
LC: Leagan coitianta ag na hUltaigh

**Foinsí**

*Cnuasach Focal as Ros Goill* (Lucas, 1986)
*Coimhréir Ghaedhilg an Tuaiscirt* (Ó Searcaigh, 1939)
*Cruinnscríobh na Gaeilge* (Mac Murchaidh, 2004)
Eagráin de *An t-Ultach* (1924–2016)
*English-Irish Dictionary* (De Bhaldraithe, 1959)
*Focail na nUltach* (Mac Murchaidh, 2015)
*Foclóir Béarla agus Gaedhilge* (Mac Cionnaith, 1935)
*Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dinneen, 1927)
*Foclóir Gaeilge-Béarla* (Ó Dónaill, 1977)

Tá mé fíorbhuíoch den Dr Liam Lillis Ó Laoire a thug treoir domh.

Grianghraf le Deirbhile Ní Chathail (GG2)

# MÁIRÍN & MÁIRE:



## Comhrá agus ceiliúradh



MÁIRÍN NIC EOIN & MÁIRE NÍ UIGINN FAOI AGALLAMH AG
**ANNA HEUSSAFF (SCRÍBHNEOIR CÓNAITHE 2016, FSG)**

Sa samhradh 2016, d'fhág beirt a bhí i gcroílár phobal na Gaeilge i gColáiste Phádraig slán lena bpostanna: an tOllamh Máirín Nic Eoin, a ceapadh ina léachtóir i Roinn na Gaeilge i 1981 agus a bhí ina Ceann Roinne ó 2008 go 2013; agus Máire Ní Uiginn, a bhí ina Riarthóir ar an roinn ó dheireadh na 1990idí i leith. Labhair Anna Heussaff leo do *Scáthán*.

**Máirín:** Is cuimhin liom go raibh ócáid ar siúl sa seomra caidrimh go han-luath tar éis dom tosú sa phost. Bhí ceol agus rince ann agus d'iarr mac léinn orm dul amach ag rince. Shíl sí gur mhac léinn mé agus tharlaíodh sin minic go leor sna blianta tosaigh! Is dócha gur 23 bliain d'aois a bhí mé nuair a thosaigh mé.

**Máire:** An chéad lá dom san oifig, ní raibh ríomhaire ar bith ann agus cheap mé, buíochas mór le Dia! Bhí mé in ann clóscríobh a dhéanamh ach ní raibh eolas beag ná mór agam ar ríomhairí. Ach an darna maidin, bhí an ríomhaire ar an deasc romham agus bhí siad ag caint ar ríomhphostanna agus an lingo seo ar fad, agus bhí mé scanraithe, scanraithe amach is amach. Ach i ndáiríre, tháinig mé isteach air an-éasca. Agus cé nach raibh an post uaim i ndáiríre, nuair a thosaigh mé, tháinig faitíos mo chroí orm nach gcuirfidís glaoch orm le teacht ar ais tar éis an tsamhraidh.

***

Is as Baile Átha Cliath do Mháirín Nic Eoin. Bhain sí amach céim sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht i gColáiste na hOllscoile, BÁC, agus ansin dioplóma san oideachas agus máistreacht sa Ghaeilge. Bhí bliain caite aici ina múinteoir i bPobalscoil Bhaile an tSaoir nuair a fuair sí an post i gColáiste Phádraig.

Is as Camus i gConamara do Mháire Ní Uiginn. Rinne sí cúrsa tráchtála tar éis di an scoil a fhágáil agus bhí postanna aici sa státseirbhís, le Gael Linn, le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus le Chrysler. Bhí seal blianta caite aici i mbun cúraimí clainne sa bhaile nuair a fuair sí an post i gColáiste Phádraig.

**Máire:** Is éard is mó a chuaigh i gcion orm sa choláiste ná chomh láidir is a bhí an Ghaeilge. Ba muid an roinn is mó sa choláiste agus nuair a théadh muid chuig an seomra foirne, muid ag cabaireacht is ag caint, bhíodh daoine eile ann i gcónaí a raibh Gaeilge acu. Agus na mic léinn, chomh cineálta agus chomh lách is a bhí siad, chuaigh sin i gcion orm. Ní dóigh liom gur tháinig mac léinn riamh go dtí mé a raibh gearán acu, nó má tháinig, bhí sé éasca go leor plé leis.

**Máirín:** Cinnte, bhí sé i gcónaí an-phléisiúrtha bheith ag plé leis na mic léinn. Mic léinn oideachais ar fad a bhí ann nuair a thosaigh mé agus gan iad chomh líonmhar is atá anois, agus d'fhéadfá aithne cheart a chur orthu. Chuaigh spiorad na roinne i gcion orm freisin, bhí sé an-spreagúil agus d'fhoghlaim mé go leor ó mo chomhghleacaithe sna blianta tosaigh. Rud eile a thaitin liom ná go raibh neart teagmhála againn le daoine sna ranna eile. B'aon fhoireann amháin a bhí i gceist agus aon mhisean amháin againn.



Bronnadh dochtúireachtaí ar Bhríona Nic Dhiarmada agus Máirín Nic Eoin (1996)

Thaitin sé go mór liom bheith i suíomh ina raibh an Ghaeilge mar chuid nádúrtha den lá oibre. Ní raibh aon deighilt i Roinn na Gaeilge idir an saol acadúil agus an saol lasmuigh den choláiste. Bhíodh baill foirne na Roinne rannpháirteach in iliomad rudaí timpeall na tíre—éigsí, féilte, Oireachtais, gach aon sórt. Bhí daoine ag scríobh úrscéalta agus filíocht chomh maith le bheith ag foilsiú ábhair acadúil; bhí ceoltóirí againn agus bhí na healaíona á gcleachtadh. Bhain léann na Gaeilge lenár saol féin agus bhí daoine sa Roinn ag tógáil clainne le Gaeilge, ag bunú gaelscoileanna agus ag gníomhú mar chuid de phobal níos leithne.



Máire agus Dáithí Mac Éinrí, mac léinn agus peileadóir le Baile Átha Cliath (2011)

**Máire:** Bhí suim againn sna rudaí céanna. Agus an saibhreas sin a bhí againn agus muid ag teacht ó áiteacha éagsúla, Ciarraí, Tír Chonaill, Conamara—saol na hÉireann fite fuaite le saol na Roinne.

Caithfidh mé a rá gur bhain mé an-taitneamh as an bpost, ag obair as lámh a chéile, ag tacú le chéile. Ní bheifeá in ann é a dhéanamh seachas sin, de réir mar a d'éirigh an roinn chomh mór.

***

Tháinig forás mór ar an gcoláiste idir na 1980idí agus 2016, agus méadú ar líon na mac léinn ó 400 go 2,000 san iomlán. Bunchéim san oideachas a bhí ar siúl acu go léir go dtí na 1990idí: ansin tosaíodh ar chúrsaí B.A. agus ina dhiaidh sin ar chúrsaí iarchéime. Tháinig méadú ar líon na mac léinn lánfhásta agus níos mó éagsúlachta i gcúlraí na mac léinn; agus leathnaigh na tuiscintí agus na seirbhísí do mhic léinn a raibh riachtanais tacaíochta ar leith acu. Méadú i bhfad níos lú a tháinig ar líon na foirne lánaimseartha, áfach: ó sheachtar go deichniúr i Roinn na Gaeilge, rud a d'fhág dúshláin mhóra ag gach leibhéal, fiú agus tacaíocht acu ón bhfoireann mhór pháirtaimseartha.

**Máire:** Is dócha an rud ba dúshlánaí ná ag deireadh na bliana nuair a bhí tú ag cur na dtorthaí ar fad le chéile. B'fhéidir nach mbeadh agat ach deich lá agus na píosaí seo go léir le cur le chéile: Páipéar 1, Páipéar 2, Páipéar 3, scrúdú cainte,

fillteán foghlama, measúnú leanúnach, agus iad sin ar fad a chur chuig Oifig an Chláraitheora do 2,000 mac léinn.

Cinnte, bheadh sé ar do choinsias, meas tú ar chuir mé síos an rud ceart? So bhíodh seiceáil agus athsheiceáil ann, agus mearbhall agus rudaí caillte agus rudaí leagtha in áit éigin eile. Agus b'fhéidir Roinn B de pháipéar scrúdaithe imithe amú, rud a tharla uair amháin! Ní déarfaidh muid a thuilleadh faoi ach thángamar as!

Ansin bheadh lear mór boscaí id' oifig, agus bí dearfa cinnte nuair a bheidh tú ag cur páipéir scrúdaithe le chéile, bandaí leaisteacha a bheith agat—mar chaillfeá beart amháin ach ní chailleann tú riamh beart mór. Is minic a thug mé stuif abhaile le haghaidh iad a shuimiú. Ach fós bhain mé an-sásamh as, caithfidh mé a rá.

**Máirín:** Is é an rud is mó a chuir iontas orm faoi Mháire ná an chaoi a mbíodh sí in ann ainmneacha na mac léinn a choinneáil—fiú nuair a chuaigh an córas i dtreo scrúduithe dí-ainm, an chaoi a gcoinníodh sí na mionsonraí sin ina cuimhne, in ainneoin na céadta mac léinn a bheith i gceist. Agus an chaoi a ndéileáladh sí go pearsanta le daoine. Bhí sí chomh heagraithe agus fós bhí an teagmháil phearsanta sin aici a bhí chomh riachtanach.

Tá an oifig an-tábhachtach mar gurb é sin aghaidh na Roinne agus an pointe teagmhála do mhic léinn, agus d'fheidhmigh an oifig ar a lán leibhéal, ina bosca faoistine agus gach aon sórt! Bhí Máire iontach maith ag coinneáil daoine ar bord agus ag áiteamh orthu...

**Máire:** ...Sea, áiteamh! Iad a mhealladh, a rá b'fhéidir dá ndéanfá ar feadh coicíse é agus go bhfaighimid duine eile faoin am sin, ach ag súil nuair a bhfaighfeá isteach an doras iad nach n-imeoidís!

**Máirín:** Rud eile atá tábhachtach ná an fhoireann ollmhór a bhí páirteach in obair Roinn na Gaeilge. Bhí an mheitheal bheag ann, an mheitheal pháirtaimseartha, a chuidíodh leis an teagasc agus ba chuid den Roinn iad siúd agus ní fhéadfaí an obair a dhéanamh gan iad. Agus ansin bhíodh an mheitheal mhór a thagadh isteach nuair a bhíodh agallaimh agus scrúduithe cainte ar siúl. Agus bhí Máire an-tábhachtach maidir leis an dá mheitheal sin, iad a choinneáil ag teacht agus an obair ar fad a bhain leo a eagrú.

**Máire:** Ba chuid den chlann iad agus bhainidís an-sásamh as. B'fhéidir nach bhfaca cuid acu a chéile le sé mhí anuas, agus cuid a bhí ar an gcoláiste le chéile, so bhíodh caint agus comhrá agus cúiteamh. Agus níl bealach ar bith go bhféadfá 500 scrúdú cainte a dhéanamh taobh istigh de lá amháin murach an mheitheal mhór sin. Agus deiridís, a Mháire, cén fáth go bhfuil orainn tosú chomh luath ar maidin, agus deirinnse, má thosaímid ag leathuair tar éis a hocht beimid críochnaithe ag a dó a chlog!



Máirín agus a hiníon, Líadan, tráth ar toghadh Máirín ina ball d'Acadamh Ríoga na hÉireann (2016)

**Máirín:** Bhraitheas i gcónaí go raibh an t-ádh liom go raibh mé i Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig ó thaobh an taighde agus na scoláireachta, mar go raibh an traidisiún sin chomh láidir sa choláiste. Bhí sé á dhéanamh ag na comhghleacaithe ní ba shinsearaí agus ní raibh le déanamh ach a sampla a leanúint. Bhí Stiofán Ó hAnnracháin sa choláiste nuair a thosaigh mé ann agus b'eisean príomheagarthóir an fhoilsitheora An Clóchomhar. Don léachtóir óg Gaeilge, ba chosúil é le léachtóir óg Béarla ag dul ag obair i roinn ina raibh fáil acu ar eagarthóir sinsearach Oxford University Press—an duine sin a bheith ar an láthair le cuidiú leo a gcéad leabhar a chur amach.

Ag an am céanna, bhí an-bhéim i gcónaí ar an teagasc i gColáiste Phádraig, mar smaoinigh gur ábhar oidí a bhí os ár gcomhair, daoine a bhí ag foghlaim na ceirde iad féin agus a bhí an-chriticiúil dá réir sin. Agus cuimhnigh go raibh an-chuid daoine ar an bhfoireann a chaith na blianta i seomraí ranga bunscoile agus meánscoile. So bhí an bhéim sin ann agus tá i gcónaí, ach cinnte tá sé deacair an dá thrá a fhreastal.

Bhí cúpla bliain ann nuair a fuaireamar maoiniú beag ó Fhoras na Gaeilge a chuir ar ár gcumas duaiseanna a thabhairt do na mic linn ab fhearr a rinne dul chun cinn i rith na bliana a bhí caite. Agus uaireanta d'fhaigheadh daoine duais nach raibh ag barr an ranga ach go bhfaca tú iad ag baint an-leasa as na hacmhainní a cuireadh ar fáil dóibh. Chuirfeadh sin an-áthas ort.

***

Tá gradam agus aitheantas bainte amach le fada ag an Ollamh Máirín Nic Eoin mar scoláire, mar údar agus mar chriticeoir ar chúrsaí cultúir. I mí Bealtaine 2016, toghadh í mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann. I measc a cuid leabhar tá *Eoghan Ó Tuairisc: Beatha agus Saothar* (Clóchomhar 1988), *B'Ait Leo Bean* (Clóchomhar 1998), *Trén bhFearann Breac* (Cois Life 2005), *Ar an gCoigríoch* (mar aon le hAisling Ní Dhonnchadha, CIC 2008) agus *Gaolta Gairide* (Cois Life 2010).

**Máire:** Sea, an rud is mó a chuir bród ormsa ná gur éirigh linn freisin na B.A.s a chur chuig an Acadamh ar an gCeathrú Rua i gConamara agus cuid den chostas sin a íoc dóibh. Bhídís ag teacht chuig mo dhoras ag iarraidh dul ann, ag cur a n-ainmneacha síos, agus d'éirigh go hiontach leo. Cuid acu, níor thuigeadar roimhe sin go raibh an ceantar seo ann agus Gaeilge ar fad á labhairt ag an bpobal. Chuaigh sé i bhfeidhm orthu freisin chomh maith is a bhí muintir an tí leo. Fanfaidh sé sin leo go deo.



Cuid de bhaill foirne Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, mar a bhí ag an am (2008)

**Máirín:** Tá an clár teagaisc an-lán, go háirithe ag na mic léinn oideachais. De réir mar atá tuiscintí ar ghairm an mhúinteora ag athrú, tá cúrsaí le déanamh acu nach raibh ann ar chor ar bith 30 bliain ó shin, rud a chuireann an-bhrú ar a gcuid ama. Fágann sin freisin go bhfuil an Ghaeilge mar chuid níos lú den iomlán ná mar a bhí riamh.

**Máire:** Tuigimid freisin go mbíonn an-stró ar a lán de na mic léinn. Bíonn postanna acu ar fad ag an deireadh seachtaine. Bíonn siad sa choláiste ceithre lá na seachtaine agus ansin imíonn siad ar bhus Mhaigh Eo nó bus Thír Chonaill le haghaidh post an tSathairn nó an Domhnaigh. Teastaíonn an t-airgead uathu, sin é bun agus barr an scéil.

***

Cailleadh fear céile Mháire Ní Uiginn, Michael, i mí na Samhna 2015, tar éis tréimhse ghairid tinnis; tá beirt gharpháistí óga aici a dtugann sí aire dóibh dhá lá sa tseachtain. Ó d'éirigh sí féin agus Máirín as a bpostanna, tá nasc láidir á choimeád acu le pobal Fiontar agus Scoil na Gaeilge agus na hollscoile.

**Máire:** Cinnte, tá súil le Dia agam nach ndéanfaidh siad dearmad orm—agus aon seoladh leabhar, aon soirée, aon chóisir a bheas ar siúl, beidh mé sásta bheith ann, agus gan leithscéal ar bith agam anois!

**Máirín:** Is dóigh liom go bhfuil an t-ádh leis an duine atá ag obair sa saol acadúil nach stopann tú, dáiríre, nuair a éirionn tú as do phost. Bíonn mo pháistí á rá liom, a mham, bíonn tú i gcónaí ag obair, mar nach bhfuil an deighilt sin ann idir an lá oibre agus an tráthnóna nó an oíche. Agus beidh mé ag súil leanúint ar aghaidh leis an léamh agus an scríobh agus le cúnamh Dé leis an bhfoilsiú go ceann roinnt blianta eile, cinnte. Ach nílim á rá gur chóir do dhaoine dul ar aghaidh go brách!

***

Tá Fiontar agus Scoil na Gaeilge tagtha ar an bhfód mar chuid den ionchorprú a cuireadh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2016 idir Coláiste Phádraig agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mar thoradh ar phróiseas a bhí sách fada agus corrach ar gach taobh.

**Máirín:** Tógfaidh sé tamall aonad nua a chruthú ach is dóigh liom go mbeidh todhchaí iontach i ndán don scoil nua, ag cur san áireamh líon na ndaoine atá ann agus an oiread sin éagsúlachta atá sna réimsí speisialtóireachta agus sa taithí atá acu. Guím gach rath orthu, beidh dúshláin ann cinnte ach tá súil agam go n-éireoidh leis an ollscoil an dátheangachas a bhí i gColáiste Phádraig a chaomhnú agus a fhorbairt, agus go mbeidh sin i gceist ar na campais ar fad agus an Ghaeilge fite fuaite i saol na hollscoile.

An chuimhne is mó ar fad atá agam ná an cairdeas agus an chomhghleacaíocht—agus an chraic a bhí againn le fírinne, inár roinn féin agus le daoine sna ranna eile, togha na gcomhghleacaithe ar oibrigh muid leo i gcaitheamh na mblianta. Bhíodh craic againn i Roinn na Gaeilge gan aon amhras, agus níos mó cóisirí, is dócha, ná mar a bhí ag aon aonad eile sa choláiste. Bhí chuile dhuine in ann amhrán a chasadh dá mba ghá nó rud éicínt eile a dhéanamh ag cóisir.

**Máire:** Bhí muid go maith ag na cóisirí ceart go leor! Pé scléip a bhí ann, dhéanadh muid iarracht a bheith ann, le feadógaí agus le cláirseachaí agus le giotáir agus le glór agus le steip! Bhí muid in ann an dá rud a dhéanamh, spraoi agus deoch a bheith againn agus gan aon fhaitíos orainn roimh an obair ach an oiread, rud a rinne muid go fial flaithiúil.

**Máirín:** Guímse agus guímid beirt gach rath ar Chiarán Mac Murchaidh go háirithe. Bhí sé i gColáiste Phádraig agus ansin bhí sé in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tá mise ag súil leis an lá anois go luath go dtógfaidh sé amach an phíob mhór agus go gcasfaidh sé port—agus tosóidh gach duine ag máirseáil agus ag ceiliúradh thart ar na Naoimh Uile, agus an chraic sin againn a bhí riamh anall!



# AN CHÉAD SCÁTHÁN



ALT LE
**COLMÁN Ó RAGHALLAIGH**

Is scríbhneoir, foilsitheoir agus múinteoir é Colmán Ó Raghallaigh. Bhí sé ina eagarthóir ar an gcéad eagrán riamh de Scáthán agus é ag freastal ar Choláiste Phádraig sna 1970idí. D'fhoilsigh Cló Mhaigh Eo, an comhlacht a bhunaigh sé, beagnach 100 teideal idir 1995 agus 2013; díoladh suas le 200,000 cóip de na leabhair; agus tá siad ar fáil inniu ar www.leabhar.com.

Colmán (ar chlé) agus a chomheagarthóir ar *Scáthán*, Conchúr Ó Cróinín, sa bhliain 1977





Sa bhliain 1974 a tionscnaíodh an chéad chúrsa B.Oid i gColáiste Phádraig. Céim trí bliana a bhí ann agus cháiligh na chéad chéimithe ón gcoláiste i 1977. Ba le linn na tréimhse sin a tháinig bláthú mór ar imeachtaí Gaeilge agus ar Chumann Gaelach an choláiste, a raibh breis agus 150 ball cláraithe páirteach ann ag pointe amháin.

Tharla go raibh mé féin mar reachtaire ar an gCumann Gaelach ar feadh cuid den am sin agus is cuimhin liom go mbíodh coirmeacha ceoil, seimineáir, léachtaí, díospóireachtaí, céilithe agus go leor eile ar bun againn go rialta. Tháinig grúpaí ar nós Ceoltóirí Laighean agus na Chieftains le casadh san amharclann le linn Seachtain na Gaeilge.

Is cuimhin liom freisin Pól Mac an Draoi, nach maireann, agus Jacinta Ní Bhriain ag teacht chun agallamh a dhéanamh liom i Mí Eanáir 1976 do nuachtán Gaeilge nua, *Cumarsáid*, a bhí le foilsiú ag na mic léinn iriseoireachta i gColáiste Tráchtála Ráth Maonais, mar a bhí ag an am. Bhí iontas orthu an oiread imeachtaí a bhí ar bun againn ach ba í staid na Gaeilge ba mhó a bhí ag dó na geirbe dóibh san agallamh.

Is deacair é a chreidiúint anois, b'fhéidir, ach bhí cáineadh mór á dhéanamh ar 'dhroch-chaighdeán' Gaeilge na múinteoirí óga a bhí faoi oiliúint i gColáiste Phádraig i lár na 1970idí. Seo a dúirt mé leo san agallamh a foilsíodh ar 26 Feabhra 1976: 'Ní foláir don rialtas a dhualgas i leith na Gaeilge a chomhlíonadh ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an oideachais ach go háirithe. Ní féidir an fhírinne ná na fíricí a sheachaint as seo amach...' *Plus ça change*, mar a deirtear!

Bhí suim ar leith ag roinnt de na mic léinn san fhilíocht agus d'fhoilsigh an iris *Comhar* díolaim bheag le cuid acu i mí Márta 1976. B'in an uair a mhol Breandán Ó Conaire, a bhí ina léachtóir i Roinn na Gaeilge, go bhféachfaimis le hiris Ghaeilge dár gcuid féin a fhoilsiú. An fómhar sin socraíodh dul ar aghaidh le *Scáthán*, mar a tugadh air, agus ceapadh mise mar eagarthóir air. Thóg sé tamall orainn an t-ábhar a fháil isteach agus is sa leagan amach ba mhó a bhí an obair le déanamh. Thoiligh Breandan feidhmiú mar léitheoir profaí dúinn agus rinne sé obair na gcapall sa ghnó sin agus mar chomhairleoir ginearálta ó thús go deireadh.

Níorbh ann do na ríomhairí ag an am sin agus bunobair lámhscríofa ar fad a bhí i gceist. Murach Rhóda Uí Chonaire, a raibh ard-taithí aici ar a leithéid ina cuid oibre le *Comhar*, ní éireodh linn ar chor ar bith. Is cuimhin liom fós í féin agus foireann dínn i mbun oibre go deireanach san oíche i 'Seomra a hAon' ag iarraidh an gnó a chur i gcrích in am don chlódóir. Foilsíodh *Scáthán* ar deireadh in earrach na bliana 1977. Bhí ard-éileamh air agus chomh fada le mo chuimhne díoladh amach é taobh istigh d'achar gairid.

D'fhágamar Coláiste Phádraig go luath ina dhiaidh sin ach foilsíodh *Scáthán* bliain i ndiaidh bliana, rud a bhí ina ábhar mórtais dúinn go léir a raibh baint againn lena thosú.

Cuimhním go minic ar na laethanta sin agus ba ábhar mór bróin dom nuair a chuala mé gur cailleadh Rhóda Uí Chonaire i 2016, grásta Dé lena hanam. Murach í agus Breandán, ní dóigh liom go bhfeicfeadh *Scáthán* solas an lae go deo.

Níor bheag sin.




Gradam Réics Carló 2013 do leabhair don aos óg á bhronnadh ag an Uachtarán, Micheál D. Ó hUiginn ar Cholmán Ó Raghallaigh, Cló Mhaigh Eo, don úrscéal grafach *Gráinne Mhaol*




Leabhair de chuid Chló Mhaigh Eo agus iad le feiceáil ar an suíomh gréasáin www.leabhar.com

# AN SNAG BREAC ILDAITE



SCÉAL DO PHÁISTÍ LE
**EMMA FERGUSON (BOid3)**

Lá amháin, bhí snag breac san fhoraois. D'fhéach sé ar na créatúir gheala, ildaite a bhí thart air, agus ghlac sé trua dó féin. Ní raibh ach dathanna leamha airsean—dubh agus bán. Ba mhaith leisean a bheith go hálainn freisin. Shocraigh sé ceist a chur ar na neacha eile conas a d'fhéadfadh sé a bheith álainn mar a bhí siadsan.

Chonaic sé féileacán le gach dath air: glas, buí, gorm, corcra, bándearg, oráiste agus dearg. Chuaigh sé a fhad leis an bhféileacán agus d'fhiafraigh sé de, 'Cá bhfuair tusa do dhath geal álainn? Ba mhaith liomsa a bheith ildaite freisin!'

Thosaigh an féileacán ag gáire agus dúirt sé, 'Ní féidir leatsa a bheith ildaite. Is snag breac tú.' D'eitil sé leis ansin agus d'fhág sé an snag breac ina aonar. Bhí brón air.

Chonaic sé meantán gorm ansin le dathanna deasa geala air: gorm agus buí. Chuaigh sé a fhad leis an meantán gorm agus d'fhiafraigh sé de, 'Cá bhfuair tusa an dath geal álainn? Ba mhaith liomsa a bheith ildaite freisin!'

Thosaigh an meantán gorm ag gáire agus dúirt sé, 'Ní féidir leatsa a bheith ildaite. Is snag breac tú.' D'eitil sé leis ansin agus d'fhág sé an snag breac ina aonar. Bhí an-bhrón air.

Ina dhiaidh sin, chonaic sé bumbóg le dath deas geal uirthi: buí. An dath ab fhearr leis an snag breac. Chuaigh sé a fhad leis an mbumbóg agus d'fhiafraigh sé di, 'Cá bhfuair tú do dhath geal álainn? Ba mhaith liomsa a bheith ildaite freisin!'

Thosaigh an bhumbóg ag gáire agus dúirt sí, 'Ní féidir leatsa a bheith ildaite. Is snag breac tú.' D'eitil sí léi agus d'fhág sí an snag breac ina aonar. Bhí brón an domhain air.

Shocraigh sé dul go dtí an t-ainmhí is críonna san fhoraois—an t-ulchabhán. Chuaigh sé go dtí teach an ulchabháin. Bhí sé an-bhrónach agus chuir sé ceist air, 'Conas is féidir liom a bheith geal agus álainn? Ba mhaith liom a bheith ildaite freisin!'

Mhínigh an t-ulchabhán go raibh an snag breac dathúil agus go hálainn freisin, ach go raibh sé difriúil. D'eitil siad suas san aer.

'Féach ort, tá tú ildaite agus go hálainn freisin.'

Nuair a bhí an ghrian ag taitneamh air bhí sé ildaite. Bhí dath glas, gorm agus corcra air.

D'fhéach sé air féin agus chonaic sé na dathanna go léir. Bhí ionadh air. Bhí sé ildaite agus bhí sé go hálainn. Bhí sé chomh hildaite agus chomh hálainn céanna leis an bhféileacán, leis an meantán gorm agus leis an mbumbóg. Bhí dathanna air nár thug sé faoi deara riamh roimhe sin.

Ghabh sé buíochas leis an ulchabhán agus d'eitil sé abhaile chun é féin a thaispeáint do na créatúir eile san fhoraois. Bhí gliondar an domhain air.

**COMHBHUAITEOIR, 2ú DUAIS**
SCÉAL DO PHÁISTÍ
*Urraithe ag* ***Futa Fata***

# I dTREO NA RÉALTAÍ



SCÉAL DO PHÁISTÍ LE
**AISLING MOLLOY (BOid2)**

**COMHBHUAITEOIR, 2ú DUAIS**
SCÉAL DO PHÁISTÍ
*Urraithe ag* ***Futa Fata***

"Réidh don éirí... ag comhaireamh síos..."

A deich, a naoi, a hocht, a seacht, a sé... las na hinnill... a cúig, a ceathair, a trí, a dó, a haon... táimid éirithe den talamh!"

Lasracha oráiste geala. Deatach trom liath. Fuaim thréan chumhachtach na n-inneall. Brúitear an roicéad go ceartingearach san aer. Scamall ollmhór bán ag scaipeadh óna bhun agus an roicéad ag dreapadh níos airde agus níos airde sa spéir. Ag taisteal níos faide agus níos faide ón talamh le chuile shoicind. Na foirgnimh ag éirí níos lú agus níos lú. An roicéad ag croitheadh go bríomhar. Ag dul suas, suas, suas san atmaisféar.

An croitheadh ag éirí níos measa agus é ag dul níos airde i dtreo an chiseal ózóin. An domhan thíos cosúil le léarscáil mhór anois, mar a bhíonn sa seomra ranga. An talamh glas scartha ó na farraigí móra. An solas nádúrtha taobh amuigh ag lagú agus ag lagú.

Tríd an gciseal ózóin. An croitheadh ag laghdú agus ag laghdú. Fuaim na n-inneall agus fuaim an chroite ag ísliú chomh maith. Ansin, dorchadas ... ach scaipthe ar fud an dorchadais, ar nós soilsí beaga sa spéir, na réaltaí ag lonrú go geal agus na pláinéid dhifriúla le feiceáil.

"A Sheáin," arsa an glór. "A Sheáin!"

Lean an roicéad ar aghaidh i dtreo a chinn scríbe: an ghealach. A dhromchla geal bán i gcodarsnacht leis an spéir dhorcha dhubh timpeall air.

"A Sheáin! Nár chuala tú mé?" arsa an glór.

"Cad é, a Mhamaí?" a d'fhreagair Seán.

"Cuir an buidéal amaideach sin síos anois agus tar isteach láithreach bonn i gcomhar do dhinnéir", a d'ordaigh sí, "Tá sé ag éirí fuar."

"Ach, a Mhamaí táim ar tí tuirlingt ar an ngealach," arsa Séan agus cuma dhíomách air.

"Ach, a Sheáin, caithfidh spásairí féin a ndinnéar a ithe," arsa Mamaí agus meangadh beag gáire ar a haghaidh.

Agus leis sin rith Seán ón ngairdín chuig cúldoras an tí áit a raibh a Mhamaí ina seasamh. Bhain sé a chlogad spáis de agus chuir sé é in aice leis an gcuid eile dá fheisteas iománaíochta. Chroch sé suas a chulaith spáis ar cheann de na crúcaí ar an mballa leis na cótaí eile. Ansin bhain sé na buataisí spásaire de agus chuir sé iad in aice lena bhuataisí báistí sa seomra fóntais.

"Táim ag teacht, a Mhamaí!"

Chuir sé an roicéad ar an talamh taobh istigh den doras réidh chun taisteal sa spás arís an lá arna mhárach.



Grianghraf le
Deirbhile Ní Chathail (GG2)




# SCRÍOBH GAN CHÓNAÍ?

CUNTAS AG
**ANNA HEUSSAFF**

Chaith mé bliain i mo Scríbhneoir Cónaithe san ollscoil ach is i mo bhaile féin a bhí cónaí orm agus ní i dteachín ag geata an champais. Tá úrscéal nua á scríobh agam ach ní 'scríobh gan chónaí' a thabharfainn air sin, sa chiall eile atá leis an nath sin, a bheith ag scríobh gan stad ná sos. Cad is Scríbhneoir Cónaithe, más ea, agus cén tairbhe don scríbhneoir agus don ollscoil araon go mbeadh a leithéid de phost ann?

I mí Feabhra 2016 a ceapadh mé sa phost páirtaimseartha bliana mar Scríbhneoir Cónaithe, i gColáiste Phádraig ar dtús agus ansin faoi scáth Fiontar agus Scoil na Gaeilge san ollscoil. Is éard a chiallaíonn an 'cónaí', dáiríre, ná go gcaitheann an scríbhneoir am le pobal an choláiste, ag tabhairt léachtaí agus ceardlann, ag eagrú imeachtaí agus ag spreagadh na mac léinn agus na mball foirne chun scríbhneoireachta. Agus cuireann an obair sin ioncam rialta ar fáil don scríbhneoir ar feadh na tréimhse, rud a chabhraíonn léi sealanna rialta a chaitheamh ag scríobh.

An cúram is mó a rinne mé sa phost ná cabhrú le *Scáthán 2017* a thabhairt ar an saol. I mí an Mhárta 2016 a tháinig an coiste eagraithe le chéile ar dtús, agus ó shin i leith, bhí fiche cruinniú ar a laghad againn, gan trácht ar iliomad ríomhphostanna, glaonna fóin, liostaí, moltaí agus babhtaí eagarthóireachta. I mí an Mhárta freisin a rinne mé dreas oibre de shórt eile, nuair a thug mé sciuird trí lá ar Chonamara le ceardlanna agus cainteanna faoi scríobh comhaimseartha na Gaeilge a thabhairt do ghrúpaí mac léinn ón gcoláiste le linn dóibh bheith thiar. Bhí an aimsir go haoibhinn tar éis na Cásca agus sciob mé tamall dom féin le dul ag siúl ar Chnoc Chamuis agus ar Thrá an Dóilín.

Mar aon le léachtaí aonair agus sraith ceardlann a thug mé do mhic léinn, bhí go leor ócáidí eile ar siúl agam i gcaitheamh na bliana: ina measc, léamha próis am lóin i mí Aibreáin mar aon leis an aistritheoir Irene Duffy Lynch, le tionlacan ceoil ó Shíle Denvir agus Thomas Johnston; agus ócáid i leabharlann champas Ghlas Naíon i mí Bealtaine, nuair a tugadh cuireadh dom duaiseanna a bhronnadh i gcomórtas scríbhneoireachta do ghrúpaí pobail i dtuaisceart na cathrach. Bhí an-áthas orm freisin faoin taispeántas ar mo shaothar a rinne Victoria Smyth i Leabharlann Uí Chriagáin: féach http://dcu.libguides.com/AnnaHeussaff

Lasmuigh den ollscoil, bhí mé páirteach in ócáidí eile fós, ó Theach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath go Féile na Gaeilge i Manchain, Sasana,

agus in dhá ionad i mBéal Feirste, an Chultúrlann agus Áras Mhic Reachtain. Bíonn ceardlanna do dhaltaí ar siúl agam freisin faoi scáth scéim na Scríbhneoirí sna Scoileanna, Sheachtain na Gaeilge agus imeachtaí CBI/Leabhair Pháistí Éireann. I mbliana chaith mé sealanna spreagúla i scoileanna i gContae Loch Garman.

An t-úrscéal nua atá idir lámha agam ná an tríú ceann sa tsraith do léitheoirí óga ina bhfuil *Vortex* (2006) agus *Hóng* (2012) cheana. Níl teideal agam dó fós ach tá súil agam féin agus ag an bhfoilsitheoir Cló Iar-Chonnacht go mbeidh sé réidh do na siopaí leabhar faoin samhradh. Tá físchluiche agus eachtraí mistéire san 'fhíorshaol' i gcroí an scéil mar a bhí sa dá leabhar eile, agus an uair seo tá na laochra óga ar a ndícheall sinn a thabhairt slán ó ollchontúirtí timpeallachta agus teicneolaíochta, go háirithe maidir leis an athrú aeráide. Ní raibh a lán taighde le déanamh agam ar na contúirtí úd de bharr go mbím páirteach—gné den 'fhíorshaol' a chaithim féin—i bhfeachtais fúthu, rud a bhfuil géarghá leis faoi láthair, faraor. Ionann is trí mhí lánaimseartha a ghlacann sé le húrscéal don aos óg a scríobh, i mo thaithí, i gcomparáid le bliain iomlán do m'úrscéal *Scáil an Phríosúin*, a foilsíodh ag deireadh 2015. Carnán mór nótaí taighde agus comhaid ríomhaire a bhí fágtha agam sa chás sin.

Is iontach an deis a fuair mé bheith i mo Scríbhneoir Cónaithe—agus is anois a bhraithim go bhfuilim ag cur aithne cheart ar phobal na Gaeilge san ollscoil, díreach agus an post ag teacht chun deiridh! Is dúshlán é a thuiscint conas is fearr obair chruthaitheach a spreagadh i measc scata an-mhór mac léinn a mbíonn tráthchlár an-lán ag a bhformhór. Bhí an t-ádh orm, más ea, tacaíocht agus comhairle den scoth a fháil ó bhaill foirne iomadúla, agus brú oibre seasta orthusan freisin. Aireoidh mé uaim sibh uile agus mé ag filleadh ar an scríobh ciúin cónaitheach sa bhaile.








Ó chlé go deas: Anna i mbun ceardlainne le grúpa mac léinn sa tríú bliain fochéime; Trá an Dóilín i gConamara; póstaer i gcomhair sraith léamh filíochta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, in earrach 2016

I nDILCHUIMHNE AR

# AN DR PEADAR Ó FLATHARTA




FOCAIL LE
**CIARÁN MAC MURCHAIDH**

Go gairid roimh an Nollaig, cailleadh comhghleacaí dílis de chuid na Scoile s'againne agus de chuid na hOllscoile trí chéile, an Dr Peadar Ó Flatharta. Ba mhór an stangadh a bhain a imeacht tobann asainn agus ní áibhéil ar bith é a rá go bhfuil folús fágtha ina dhiaidh nach líonfar.

Ceapadh Peadar ina Léachtóir Sinsearach in Fiontar sa bhliain 2003 agus níorbh fhada gur tháinig sé ina Cheann Scoile ina dhiaidh sin. Thug sé leis chuig DCU blianta fada taithí agus seirbhíse le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, áit ar imir sé ról lárnach maidir le cruthú agus le múnlú polasaithe éagsúla i leith na teanga. Bhí sé ina Stiúrthóir ar an gComhdháil ar feadh tréimhse fhada agus is ann a chuaigh sé i bhfeidhm ar ghlúin daoine a bhí ag obair go gníomhach agus go toilteanach i saol na Gaeilge ag gach leibhéal; ina measc grúpaí pobail agus grúpaí deonacha ar fud na tíre, mar aon le feachtais teanga ar nós Ghlór na nGael.

Bhí baint mhór ag Peadar le Coimisiún na Gaeltachta, a mhol go dtabharfaí isteach reachtaíocht teanga (Acht na dTeangacha Oifigiúla), go gcuirfí oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil do dhaltaí scoile sa Ghaeltacht arbh í an Ghaeilge a dteanga dhúchais (an Polasaí Oideachais Gaeltachta), go gcuirfí ar bun Aonad Gaeilge Tríú Leibhéal do léann na sochtheangeolaíochta agus don phleanáil teanga (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge), agus go dtabharfaí plean náisiúnta don Ghaeilge isteach (*An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*). Agus é ag tógáil ar na tograí sin go léir, is le linn a thréimhse le Fiontar a iarradh air tuairisc chomhairleach a chur le chéile maidir leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* de chuid an Stáit a tugadh isteach sa bhliain 2010. Is é Peadar a chruthaigh cnámh droma na cáipéise agus a rinne an chuid ba throime den réamhobair ar an straitéis sin. Cé nár glacadh leis na moltaí ar fad a chuir Peadar ar aghaidh, tá a thuiscint ghrinn ar cheist na teanga agus lorg a láimhe go láidir ar an bplean a foilsíodh.

Chuir sé suim mhór i gcaitheamh a shaoil i gcúrsaí oideachais agus in oideachas na Gaeltachta go háirithe. Go


deimhin is mar bhunmhúinteoir sa Ghaeltacht a thosaigh sé amach ar a chonair ghairmiúil i dtús báire. D'fhoilsigh an Chomhairle um Oideachas Gaeilge agus Gaeltachta saothar tábhachtach taighde dá chuid, *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*, sa bhliain 2007. Bhí spéis mhór aige i léann agus i litríocht na Gaeilge mar dhisciplín, an prós nua-aimseartha go háirithe, agus nuair a bhí sé níos óige, scríobh sé roinnt gearrscéalta a tharraing an-aird agus a shaothraigh an-mheas ar a pheann sciliúil. Ba é saol agus saothar Mháirtín Uí Chadhain is mó a mheall a spéis acadúil le blianta beaga anuas agus bhí an t-uafás taighde déanta aige ar ghnéithe éagsúla de shaol an scríbhneora cháiliúil sin. Nuair a d'aimsíodh sé seoid bheag eile in áit fhánach trí mheán a chuid taighde, bhíodh sé ar bís a leithéid a lua liom. Is iomaí uair a bhuail sé isteach chugam i m'oifig i bhFoirgneamh McNulty ar Champas Ghlas Naíon agus a chupán tae ina ghlac aige chun dreas comhrá a dhéanamh faoin obair a bhí ar siúl aige. Bhain sé an-sult as an dá aistriúchán de *Cré na Cille* a foilsíodh anuraidh agus, go deimhin, as an gconspóid a ghin siad i measc lucht léirmheastóireachta. I ndiaidh dó a thréimhse mar Cheann Scoile a chríochnú ag deireadh an tsamhraidh 2013, bhí sé ag dréim go mór le breis ama a chaitheamh ar an togra. Is é an díol trua é nach mbeidh an deis aige anois an obair thábhachtach sin a thabhairt chun críche.

Mar Cheann Scoile in Fiontar agus ar bhealaí níos leitheadaí taobh istigh den Ollscoil, bhí clú agus cáil air mar dhuine séimh, tuisceanach agus garach. Bhí intleacht ghéar ann agus chreid sé go paiseanta san obair ar bhí ar siúl in Fiontar ó bunaíodh é agus bhí an-bhród air bheith ábalta cur leis an obair sin ar bhealaí éagsúla fad a bhí sé linn. Sampla an-mhaith dá leithéid ba ea an dá iarchéim a cuireadh ar bun le linn a thréimhse mar Cheann Scoile (i) MA sa Ghaeilge (Sochaí agus Teanga) agus (ii) MA sa Ghaeilge (Acmhainní Teanga). Ar ndóigh chreid sé go daingean sa tábhacht a bhain le céimithe óga a chur amach as DCU agus iad oilte sa dá theanga i réimsí an ghnó, na teicneolaíochta agus na hiriseoireachta, agus throid sé go dian ar a shon sin i gcónaí.

Mar chara agus mar chomhghleacaí caoin, tomhaiste, tuisceanach a chuimhneofar feasta air. Muide a tháinig faoina chúram agus faoina stiúir chaoin, is ar dhuine a roinn a chomhairle agus a chuid ama go fial orainn agus mar fhear a bhí in ann an t-uafás a bhaint amach ar a bhealach ciúin, cumasach féin a smaoineoimidne air.

Suaimhneas síoraí dá anam uasal.

# MO LÉAN, SAOL AN MHIC LÉINN



ALT LE
**CAOIMHE NÍ CHONGHAILE (BOid2)**

Níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil sé dúshlánach a bheith i do dhuine fásta scaití, go háirithe agus tú i do 'dhuine fásta' sa chéad bhliain sa choláiste. Cinnte, tá sé deich n-uaire níos fearr ná bliain na hArdteiste; agus cinnte dearfa, ní mó a chráfadh sé do chroí ná buachaill ar bith. Ach mar sin féin, bíonn nithe áirithe a fhágann oiread na fríde ar fud na háite thú agus tú ar do dhícheall sárú orthu!

### 1. Tú féin a chartadh as an leaba ar maidin.

Ní tasc éasca riamh é slán a fhágáil ag do philiúr agus tú fós leath i do chodladh. É sin ráite, ní bhíonn sé de rogha agat ach do chosa a tharraingt amach faoin bpluid agus a leagan ar urlár fuar adhmaid an tseomra leapan nuair a bhíonn Mam ina seasamh ag an doras ag bagairt ort agus ag méiseáil le cnaipe an tsolais. Scéal iomlán difriúil a bhíonn ann, áfach, nuair nach mbíonn duine ná deoraí thart leis an deis níos mó ama a chaitheamh i measc na mbraillíní a scriosadh! Ní hamháin go dtograíonn tú i bhfad an iomarca ama a chaitheamh ina dteannta agus léacht na maidine ar siúl, scaití ní fhágann tú don lá iad.

### 2. An saol sóisialta a smachtú

Cé nach dtuigeann tromlach na mac léinn ag an am é, tá an chéad trí seachtainí san ollscoil ar chuid de na seachtainí is fearr sa chéad bhliain. Ní bhíonn clabhsúr ar bith leis na himeachtaí sóisialta! Bíonn tú de shíor ag bualadh le daoine nua. Ní bhíonn do thuismitheoirí ródhian ort i dtaobh cúrsaí airgid mar go dtuigeann siad nach bhfuil sé éasca dul i dtaithí 'ar an bhfreagracht uilig' agus tú imithe óna gcúram. Agus an rud is fearr—is ar éigean go mbíonn léacht ar bith agat, gan trácht ar thascanna!

Ach mar is eol go maith dúinn ar fad, ní mhaireann aon ní ach seal. Sula i bhfad bíonn carn breá oibre os do chomhair amach agus bíonn sé damanta teacht ar chinneadh dul chuig 'Dicey's' Dé Luain nó fanacht istigh i do phitseámaí. Cinnte, *ba cheart* duit fanacht i do shuí ag an mbord i measc na leabhar agus an 'laptop' ach i ndeireadh na dála is mac léinn tú agus ní féidir a shéanadh go bhfuil oíche spleodrach de Bhulmers agus de bhuachaillí deich n-uaire níos tarraingtí ná oíche *ag smaoineamh* ar an méid oibre atá romhat!

### 3. Cócaireacht

Rud nach ndeirtear go minic le mic léinn sula bhfágann siad nead chompordach an teaghlaigh ná an méid ama a chaithfidh siad ag smaoineamh ar bhia agus iad san ollscoil. Cinnte, déantar cúpla tagairt anseo is ansiúd d'eispéireas na cócaireachta aonair, m.sh. 'beidh *noodles* agat chuile lá, háhá' ach sin é! Ní insítear duit faoi réimse fairsing na *mochas*, *macchiatos* agus muifíní a bheidh ar fáil i gcaifé an choláiste agus faoin gcaoi a meallfar tú beagnach chuile mhaidin roimh léacht 9:00 r.n. airgead a bhaint as do sparán ar son na bpléisiúr beag sailleach siúcrúil seo!

Ní dhéantar tagairt ach an oiread don tslí go gcaithfear nithe bunúsacha ar nós ola a chrochadh leat chuig an gcoláiste díreach le rudaí chomh simplí le huibheacha a chócaráil, ná ní labhraítear ar an gcaoi go gcaithfear soithí a ní chuile gheábh gur mhaith leat greim a fháil le hithe nó blogam a bheith agat le hól! Ar ndóigh, ní bhíonn a leithéid de rud ann is cupán tae gan blas 'Tesco Washing-Up Liquid' air níos mó.

Ó is aoibhinn beatha an mhic léinn ceart go leor...

### 4. 17 vs 18

Tuigim nach mbíonn fadhbanna ag formhór na mac léinn ollscoile agus iad ag tabhairt aghaidhe ar an gclub oíche tar éis lá fada ag freastal ar léachtaí, ach má tá aon duine agaibh cosúil liom féin (17 bliain d'aois ag tosú sa choláiste), beidh sibh breá ábalta comhbhá a dhéanamh maidir leis an taithí strusmhach a bhíonn le sárú nó go sroichtear an dáta speisialta sin ar a dtarlaíonn an trasdul ollmhór ó dhomhan na hóige go dtí an domhan fásta freagrach. Ní hiad na daoine a thráchtann ar cé chomh hóg is atá tú nó ar do theideal mar 'leanbh an ghrúpa'

is measa, áfach, ach an streachailt iomlán a ghlacann sé cárta aitheantais a bhreathnaíonn oiread na fríde cosúil leat a fháil! Agus ná bac fiú leis an mbuairt a bhíonn ort go gcaillfidh tú é agus cúpla vodca ionat!

Agus céard faoi do chairde bochta, céard a dhéanfaidh siadsan má dhiúltaíonn an 'bouncer' ligean don leanbh teacht isteach? An rachaidh siad féin isteach sa chlub ded' uireasa nó an dtógfaidh siad an tacsaí abhaile ar bhuille a haon déag a chlog?

### 5. Obair

Aisteach go leor, tá obair le déanamh sa choláiste! Mar shampla, staidéar agus tascanna rialta—fíric bhrónach a dhearmadtar go mion minic nó go sroichtear an tseachtain díreach roimh na laethanta saoire, tráth a mbíonn an leabharlann ag cur thar maoil toisc dáta dlite na dtascanna (a chríochnófar ag a trí a chlog an mhaidin dár gcionn) a bheith sa mhullach ar mhic léinn mhí-eagraithe a chaith an tseachtain léitheoireachta sa leaba! Déantar na gealltanais chéanna chuile bhliain le linn do thascanna agus scrúduithe a bheith ar siúl; a bheith níos eagraithe an chéad uair eile agus an obair a dhéanamh go leanúnach. Ach mar is eol dúinn uilig, ní tharlaíonn a leithéid ná baol air agus fillimid ar an ollscoil don chéad seimeastar eile le tús a chur leis an bhfáinne fí arís!

### 6. Tinneas Baile

Cé go ndeir muid uilig beagnach míle babhta sula dtugann muid aghaidh ar an oideachas tríú leibhéal go bhfuilimid tinn tuirseach den teaghlach agus den nósmhaireacht uilig a ghabhann leo, bíonn deora go leor le sonrú nuair a thagann an lá leis an vardrús a fholmhú agus an seomra leapan a thabhairt don siblín sceitimíneach sin.

Tagaimid ar an gcinneadh nach bhfuilimid réitithe beag ná mór le bheith freagrach asainn féin, nach mbeidh oiread is tuairim againn *céard* tá le déanamh san ollscoil agus mar sin go gceapfaidh an saol mór go bhfuil cill inchinne no dhó in easnamh ionainn. Bíonn an bhuairt seo damanta agus bíonn sí le sárú ar feadh cúpla lá scanrúil gan chosaint nó beatha ón mbaile nó go sroichtear an tuiscint go bhfuil chuile 'fresher' eile sa bhád imníoch céanna! Agus, ar ndóigh, go bhfeicfear smut na dtuistí (agus béile ceart) Dé hAoine!

**BUAITEOIR, 1ú DUAIS**
IRISEOIREACHT
*Urraithe ag **Tuairisc.ie***

# NOD DON EOLEOLAÍ

ALT LE
**CAL Ó DONNABHÁIN (GI2)**

In Clearwater, Florida, i Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), seasann foirgneamh amháin go bródúil os cionn na comharsanachta, a chruth geal bán ag frithchaitheamh solas na gréine ar a lucht féachana. Sin "Fort Harrison Hotel", ceanncheathrú spioradálta na heoleolaíochta, nó 'The Church of Scientology', atá ar cheann de na reiligiúin is rúnda ar dhroim an domhain. Ní fios go díreach cad a tharlaíonn laistigh de bhallaí an óstáin toisc an rúndacht úd agus an bealach a bpléann údaráis na heoleolaíochta le daoine a scaoileann a gcuid rún. Ach tá méid áirithe cloiste againn ó sceithirí agus ó iarbhaill den 'eaglais'. Agus is féidir go bhfaighimid tuiscint níos fearr ar chúrsaí amach anseo agus ceanncheathrú an reiligiúin nua-bhunaithe ar Chearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath, rud a fhágfaidh go mbeidh slua eoleolaithe Éireannacha inár measc.


Is é Lafayette Ron Hubbard, scríbhneoir ficsin eolaíochta Meiriceánach, athair na heoleolaíochta agus is as a shamhlaíocht féin a thagann na coincheapanna ar fad a leanann lucht an 'reiligiúin'. Tháinig an eoleolaíocht ar an saol sa bhliain 1954 i ndiaidh do Hubbard éirí as an choláiste toisc gur theip air. Agus é ag labhairt faoina thréimhse i mbun scríbhneoireachta ficsin eolaíochta, tá sé ráite go ndúirt Hubbard: "Writing for a penny a word is ridiculous. If a man really wants to make a million dollars, the best way would be to start his own religion." Leis seo, tá an chuma ar an scéal nach raibh sé ar intinn ag an bhfear, agus é ag cruthú lucht leanúna dó féin, daoine a threorú chun na bhflaitheas ach chun an tsaibhris dó féin, ach braitheann an tuairim seo ar cén duine a cheistítear.

Le linn tréimhse saoil na heoleolaíochta tá dóthain conspóide meallta aici, ó iarbhaill, ó na meáin, ó rialtas SAM a bhí ar thóir cánacha uathu, agus ó reiligiúin eile nach bhfuil tógtha lena gcuid modhanna. Sa bhliain 1993, d'aithin seirbhís ioncaim intíre SAM an eoleolaíocht mar reiligiún ó thaobh cánach de, agus d'fhógair David Miscavige, Cathaoirleach Bhord an Ionaid Teicneolaíochta Reiligiúnaí (nó ceannaire, go bunúsach), gur gharsprioc don eaglais é seo...

**COMHBHUAITEOIR, 2ú DUAIS**
IRISEOIREACHT
*Urraithe ag **Tuairisc.ie***

*Tá an t-alt seo ar fáil le léamh ina iomláine ar **www.scathan.ie**.*

# DRÁMAÍOCHT NA GAEILGE I LÁR AN STÁITSE



ALT LE
**CHELSEY MURRAY (BA3)**

Tá todhchaí na drámaíochta Gaeilge sna hamharclanna ina hábhar imní agus go leor daoine ag ceapadh go bhfuil drochbhail uirthi. Rinne gach mac léinn staidéar ar an dráma 'An Triail' le Máiréad Ní Ghráda don Ardteistiméireacht agus is dráma iontach é, ach ní leanann suim na mac léinn ina dhiaidh sin. Ní raibh aon dráma Gaeilge san áireamh i gClár na Bliana 2016 ag Amharclann na Mainistreach agus tá easpa drámaí Gaeilge ar stáitsí Bhaile Átha Cliath le fada.

Ní mar sin don phobal drámaíochta Gaeilge i nGaillimh. Tá an spotsholas ag lonrú ar Thaibhdhearc na Gaillimhe ar Shráid Láir na Gaillimhe arís ó rinneadh athchóiriú iomlán ar Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. Bunaíodh an Taibhdhearc sa bhliain 1928 agus tá sí fós san fhoirgneamh céanna inar thosaigh sí. Tá an amharclann ag bogadh ar aghaidh ón tubaiste mhór a bhuail í sa bhliain 2007. Bhí tine fhíochmhar san áit agus rinneadh damáiste ollmhór don bhfoirgneamh.


B'éigean an amharclann a dhúnadh agus bhí athchóiriú iomlán ag teastáil. Osclaíodh arís í ag deireadh mhí Meán Fómhair 2012 agus mar thoradh ar an obair, tá na háiseanna is nuálaí ar fáil do na léiriúcháin a bhíonn ar an ardán. Tá áiseanna teilgin, soilsithe agus fuaimíocht den scoth ann mar aon le beár...

*Tá an t-alt seo ar fáil le léamh ina iomláine ar* ***www.scathan.ie****.*

Tuairisc.ie

**COMHBHUAITEOIR, 2ú DUAIS**
IRISEOIREACHT
*Urraithe ag* ***Tuairisc.ie***

# NOLLAIG DHIFRIÚIL



CUNTAS LE
**RACHEL SMITH (MGO2)**

Bhí muid le chéile arís. Ba chóir dúinn a bheith sásta ach mhothaigh muid brónach. D'fhéach mé ar mo mhamaí, bhí aoibh bheag ar a haghaidh. Ba thréimhse speisialta é ach ní raibh sé cosúil le gach bliain eile. D'airigh muid mo dhaidí uainn.

D'fhág muid Éire an lá roimh Oíche Nollag. Is cuimhin liom go maith é. Bhí sé fuar agus fliuch. Dála mo mhamaí agus mo dheirfiúracha mhothaigh mé uaigneach cé go raibh mo dheirfiúr Ali tagtha ar ais abhaile ó Shasana in am don turas.

Bhíomar ag dul go Búdaipeist. Mhothaigh mé níos fearr nuair a d'fhág mé mo theach mar bhí a lán cuimhní ann. Bhí mé ag smaoineamh siar ar Nollaigí m'óige. Dhúisínn roimh gach duine eile ach bhíodh orm fanacht go dtí go raibh siad go léir ina suí. Théimis síos staighre ansin agus bhíodh na bronntanais go léir faoin gcrann. Lasadh mo dhaidí an tine sa seomra suí agus d'osclaímis ár mbronntanais. Ach ba Nollaig nua, Nollaig dhifriúil í anois agus tar éis cúpla bliain bheimis i dtaithí air.

Nuair a shroicheamar Búdaipeist chuamar díreach go dtí an óstlann. Bhí sé go hiontach, bhí na seomraí galánta agus mórthaibhseach agus bhí sí suite i lár na cathrach. Bhí radharc álainn ó m'fhuinneog. Bhí na leapacha an-mhór agus an-chompordach. Bhí sé cosúil leis an gclár teilifíse 'Downton Abbey'.

Oíche Nollag, chonaic muid an caisleán ar an mBúda. Thóg muid bád beag go dtí oileán Margaret. Turas iontach a bhí ann. Ina dhiaidh sin, shiúil muid in aice leis an abhainn ghorm, Abhainn na Danóibe, agus ag am lóin d'ith muid sa bhialann áitiúil. Bhí atmaisféar deas ann, bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch, agus bhí muid ar laethanta saoire le chéile. An oíche sin chuamar go dtí bialann Fhrancach. D'ith mé lacha le hanlann oráiste. Mhothaigh mé gur bhrionglóid a bhí ann. Bhí áthas agus tuirse araon orainn agus d'fhill muid ar an óstlann chun dul a chodladh go luath...

*Tá an cuntas seo ar fáil le léamh ina iomláine ar* ***www.scathan.ie****.*

# Ag Cuimhneamh Siar ar Choláiste Phádraig



CUIMHNÍ CINN LE
**TADHG MAC DHONNAGÁIN**

*Is scríbhneoir agus foilsitheoir é Tadhg Mac Dhonnagáin a chaith blianta ina bhunmhúinteoir, ina cheoltóir, ina láithreoir teilifíse agus ina scriptscríbhneoir sular bhunaigh sé an comhlacht Futa Fata sa bhliain 2006. Tá breis is 100 teideal i gcló acu anois; agus tá leabhair Futa Fata aistrithe ó Ghaeilge go 11 teanga eile agus iad ar díol san Áise, san Afraic, san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.*




Tháinig mé go Baile Átha Cliath le freastal ar Choláiste Phádraig sa bhliain 1979. Bhí cuairteanna seachtaine tugtha agam ar mo chol ceathracha sa chathair thar na blianta ach scéal eile ar fad a bhí ann maireachtáil i mBaile Átha Cliath. Bhí canúint láidir ar Bhéarla gach duine ag an am, canúint chomh tréan leis an gcaint bhreá a chloisimid inniu ag gaiscígh sin na rámhaíochta, na deartháireacha O'Donovan as an Sciobairín. Ní raibh an t-airgead agam filleadh abhaile go Contae Mhaigh Eo go rómhinic, agus bhí an turas traenach i bhfad níos moille ná mar atá anois.

Rud eile a bhí difriúil ón saol inniu ná go mbíodh sagairt agus mná rialta mar léachtóirí againn. Coláiste Caitliceach go maith a bhí i gColáiste Phádraig, agus sagart mar uachtarán air. Ní raibh rud ar bith aisteach faoi sin, dar linn—bhí cuid mhaith ban rialta mar mhúinteoirí agam ag an meánscoil i gCoillte Mach.

Roghnaigh mé Gaeilge agus Fraincis mar ábhair acadúla sa chéad bhliain—b'in an córas a bhí ann an uair sin. Tá cuimhne ach go háirithe agam ar an léachtóir a dtugadh muid Madame Murphy uirthi. Francach postúil ab ea í a raibh neart smaointe criticiúla aici faoi mhuintir na tíre seo, cé go raibh sí tar éis Éire a roghnú mar bhaile agus Éireannach a phósadh. Lá amháin agus muid ag plé 'Civilisation' na Fraince, mhínigh sí dúinn go raibh mná a tíre dúchais i bhfad níos gníomhaí i gcúrsaí spóirt ná mná na tíre seo. Cén fáth? Mar go mbíodh mná na hÉireann i gcónaí ag iompar clainne. Agus in ionad an stró a chur uirthi féin foghlaim cén chaoi le m'ainm a rá i gceart, bhaist sí 'Taj' orm. Tá cairde agam a bhí sa rang Fraincise sin i 1979 nár thug a dhath riamh orm ó shin ach Taj!




I bhfad roimh ré na scéime Erasmus, bhí ceangal ag Coláiste Phádraig le coláiste oideachais ar an Mór-Roinn, i Quimper na Briotáine. Tháinig grúpa mac léinn ó Quimper anall ar cuairt agus cé nár lean mé féin leis an bhFraincis sa dara bliain, chuir mo chairde sa rang in aithne dom iad. Bhí cáil mhór ar cheoltóir Briotánach, Alan Stivell, in Éirinn ag an am agus an-dúil agam ina chuid ceoil. Amhránaithe breátha a bhí i gcuid de mhic léinn Quimper agus d'éirigh cairdeas eadrainn, ceangal atá agam leis an mBriotáin go dtí an lá inniu.


Duine eile a chuaigh i gcion go mór orm ná Eoin Butler, a bhí i mbun cúrsa ar mhúineadh na healaíne. Seachas duine ar bith i gColáiste Phádraig, chuaigh an tuiscint agus an grá a bhí aige do shamhlaíocht an pháiste i bhfeidhm go mór orm. Agus é ag caint lá ar na pictiúir a dhéanann páistí óga, bhí an míniú seo a leanas aige: 'Ní grianghraf atá páiste ag iarraidh a dhéanamh nuair a tharraingíonn sé pictiúr ach mapa.'

*Mise Raiftearaí, an Fíodóir Focal* an teideal ar an leabhar a scríobh mé faoin bhfile clúiteach ó mo cheantar féin a bhí gníomhach roimh bhlianta an Ghorta Mhóir. Chuir mé an-suim sa chúrsa ar Raiftearaí i gColáiste Phádraig, é curtha i láthair ag Ciarán Ó Coigligh, a chuir eagar ar shaothar an fhile. Amhránaí breá ab ea Ciarán agus bhí nós aige véarsa a rá anois is arís i lár léachta, le taispeáint dúinn gur don chluas a chum Raiftearaí a chuid véarsaíochta seachas don tsúil. Anois agus mé i mo chónaí i gConamara, i measc daoine a bhfuil na hamhráin sin acu ó na glúnta a chuaigh rompu, cuimhním fós ar an saibhriú a rinne Ciarán ar mo thuiscint ar an bhfile agus ar a shaothar mar shnáth beo i gcruthaitheacht na Gaeilge.

Ach ná bí ag ceapadh go raibh mé ar an mac léinn ba dhíograisí i gColáiste Phádraig le mo linn. Le fírinne, chaith me i bhfad an iomarca ama go fánach sa Chat and Cage trasna an bhóthair. Ach má chaith, chuaigh mo thréimhse i nDroim Conrach i gcion orm. De réir mar a imíonn na blianta, déantar dearmad ar ábhar na léachta, ach fanann cuimhne ar phearsantacht an léachtóra agus ar an gcaidreamh a chothaigh an duine sin leat. Inniu féin, nuair a ordaím leabhar a bhaineann le cúrsaí síceolaíochta ó Amazon, cuimhním ar an teacht i láthair fuinniúil a bhí ag an léachtóir Mark Morgan agus mar a chuir sé le mo spéis san ábhar sin. D'fhéadfainn an rud céanna a rá faoi léachtóirí go leor eile, agus ag cuimhneamh siar, airím gur caitheadh go caoin, cairdiúil, tuisceanach liom i gColáiste Phádraig.

Ar chlé: Ócáid seolta ag Futa Fata i Leabharlann na Ceathrún Rua, Conamara, don leabhar *An Coileach Codlatach* le Nuala Nic Con Iomaire

# Peileadóirí, Polaiteoirí agus Scríbhneoirí Pinn



**CAOIMHE NIC LOCHLAINN
(LÉACHTÓIR, FSG)**

In *Scáthán* 1979, mhaígh Alan Titley gur éirigh le Coláiste Phádraig "trí aicme éagsúla daoine a thabhairt ar an saol a chuaigh i bhfeidhm ar an tír ar a laghad chomh láidir céanna is a chuaigh cuid de na múinteoirí, mar atá, peileadóirí, polaiteoirí agus scríbhneoirí pinn."[1] Ar ndóigh, tá a fhios ag madaí Dhroim Conrach gur fhreastail John McGahern agus Máirtín Ó Cadhain ar an choláiste mar gheall ar na léachtlanna atá ainmnithe ina n-onóir, ach san alt seo ba mhaith liom sciuird a thabhairt trí chuid de na scríbhneoirí eile a chuaigh go mór i bhfeidhm ar shaol na Gaeilge.

Má théann tú chuig leabharlann Champas Phádraig, tchífidh tú iareagráin de *Scáthán* a théann siar go 1977, ach, ar ndóigh, d'fhreastail ábhair scríbhneoirí ar an choláiste i bhfad sular cuireadh tús leis an iris. Bhí an-trácht ar chuid de mhórscríbhneoirí na Gaeilge a d'fhreastail ar an choláiste i seaneagráin *Scáthán* (an Cadhnach, Seosamh Mac Grianna, Séamas Ó Grianna, Eoghan Ó Tuairisc ina measc), ach ní hionann oidhreacht liteartha an choláiste agus saothar na scríbhneoirí seo amháin—is liosta le háireamh iad na scríbhneoirí ar fad a d'fhreastail ar an choláiste sa 140 bliain ó bunaíodh é.

Níor chóir go bhfaigheadh an coláiste an chreidiúint as na scríbhneoirí seo uilig a spreagadh agus a chothú, áfach; seans fiú amháin gur a mhalairt de thionchar a bhí ag saol an choláiste ar na scríbhneoirí óga i rith tréimhsí áirithe. Rinne Seán Ó hAodha an cur síos a leanas ar thráthchlár na mac léinn sna 50í:

> Bhí saol eagraithe rialta ag na mic léinn: éirí ar a seacht [...] Aifreann (éigeantach) leathuair tar éis a seacht; bricfeasta ar a hocht (leite, arán agus tae; slisíní agus uibheacha maidin Domhnaigh agus laethanta saoire eaglaise) léachtaí go dtí a trí a chlog; am saor (gan cead dul amach geata an choláiste) go dtí a cúig; staidéar éigeantach ón a cúig go dtí a seacht agus níos déanaí arís; paidreacha na hoíche timpeall a deich agus ina dhiaidh sin am codlata ... Bhíodh 'oíche shaor' ag na mic léinn ó am go ham—'sé sin cead fanúint amuigh go dtí a haon déag.[2]

Is léir nach raibh beatha an scoláire i gcónaí chomh haoibhinn agus chomh spreagúil is atá inniu; go deimhin, is dócha gurb é an saol sóisialta fuadrach a tharraingíonn mic léinn óna gcuid staidéir, gan trácht ar iad a tharraingt ón scríbhneoireacht, sa lá atá inniu ann!

Mar sin féin, má chuardaíonn tú "Coláiste Phádraig" ar www.ainm.ie (an bunachar beathaisnéisí atá digitithe ag Fiontar), gheobhaidh tú go leor eolais faoin slua mór daoine a d'fhreastail ar an choláiste nó a mhúin ann a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na Gaeilge ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ar ndóigh, níl trácht sa bhunachar sin ach orthu siúd atá ar shlí na fírinne, agus is iad na fir amháin atá luaite ó tharla nár fhreastail mná ar an choláiste go dtí 1971.

Coláiste oiliúna múinteoirí a bhí i gColáiste Phádraig i dtús báire, agus mar a dúirt Alan Titley, "Ní haon scéal nua é go bhfaighidh tú mórán múinteoirí i measc aicme na scríbhneoirí."[3] Ní fios an é timpeallacht fhuinniúil an tseomra ranga a spreagann iad le dul i mbun pinn, an leadrán a bhaineann le ceartúcháin agus pleananna ceachta, nó—rud a rith le Titley—na huaireanta gearra oibre! Pé scéal é, tá idir dhrámadóirí, iriseoirí, aistritheoirí, fhilí, chriticeoirí liteartha, bhailitheoirí béaloidis agus úrscéalaithe i measc alumnas an choláiste.

Ní nach ionadh agus iad ina múinteoirí bunscoile, dhírigh cuid de na scríbhneoirí ar léitheoirí óga: Máirtín Ó Corrbuí, drámadóir agus scríbhneoir an-bhisiúil a scríobh úrscéalta do pháistí den chuid is mó idir 1950 agus 1965 ar mhaithe le Club Leabhar na Sóisear; Pádraig Ó Cadhla a chéadaistrigh *Alice's Adventures in Wonderland* go Gaeilge i 1922; Pádraig Ó Moghráin, scríbhneoir agus bailitheoir béaloidis, a d'aistrigh go leor saothar do pháistí ón Ghearmáinis sna 1940í, scéalta na ndeartháireacha Grimm san áireamh; agus Críostóir Ó Raghallaigh a scríobh roinnt mhaith leabhar scoile.

Ar ndóigh, dííonn scríbhneoirí comhaimseartha ar an mhargadh óg chomh maith: tá cáil ar Cholmán Ó Raghallaigh, an chéad eagarthóir ar *Scáthán*, mar gheall ar na húrscéalta grafacha agus leabhair eile don aos óg a d'fhoilsigh sé agus é i mbun Chló Mhaigh Eo, agus tá Tadhg Mac Dhonnagáin ina stiúrthóir ar an chomhlacht foilsitheoireachta Futa Fata, a fhoilsíonn úrscéalta, pictiúrleabhair agus amhráin atá dírithe ar an aos óg.

Bhí traidisiún láidir scoláireachta sa choláiste chomh maith ó ceapadh Eoin Mac Néill mar ollamh le Gaeilge in 1897, an chéad duine riamh a raibh an post sin aige. Maireann clú Mhic Néill i saol an Bhéarla mar gheall ar an fhreasordú a thug sé i 1916 agus é ina cheannaire ar Óglaigh na hÉireann, ach i saol na Gaeilge, tá cáil air mar gheall ar an obair eagarthóireachta a rinne sé ar *Irisleabhar na Gaedhilge*, *An Claidheamh Soluis* agus *Fáinne an Lae*, agus ar a scoláireacht trí chéile.

Leanann an obair scolártha seo ar aghaidh sa ré chomhaimseartha, agus criticeoirí liteartha agus scríbhneoirí cruthaitheacha móra le rá ar an fhoireann léachtóireachta le blianta beaga anuas, Alan Titley, Breandán Ó Conaire, Máirín Nic Eoin, Liam Mac Mathúna agus Séamas Ó Mordha ina measc (scríbhneoirí a sholáthraigh ábhair do sheaneagráin *Scáthán*, dála an scéil).

Bhí an-tionchar ag daoine eile ar dhoiciméadú agus ar chaomhnú bhéaloideas na tíre: Énrí Ó Muirgheasa a bhailigh béaloideas ar fud Chúige Uladh agus a bhí ar na chéad bhaill den Chumann le Béaloideas Éireann i 1927; Liam Mac Meanman a bhailigh ábhar a líon tuairim is 10,000 leathanach; Micheál Mac Énrí a raibh an-spéis aige i mbéarlagair an lucht siúil, gan trácht ar na bailitheoirí amhrán, Seán Ó Casaide, Pádraig Ó Meára, Mícheál Ó Máille agus Tomás Ó Colmáin. Bhí go leor múinteoirí scoile ar cuireadh oideachas orthu i gColáiste Phádraig an-ghníomhach i mBailiúchán na Scol (1937–9) chomh maith, scéim náisiúnta inar bhailigh páistí scoile béaloideas óna gceantar áitiúil. Tá an t-ábhar seo le feiceáil ar www.dúchas.ie, suíomh eile a sholáthraíonn Fiontar.

Níl ach blaiseadh anseo den éagsúlacht agus den saibhreas scríbhneoireachta a tháinig ó iarscoláirí an choláiste, gan trácht fiú amháin ar na scríbhneoirí cónaithe a chaith seal sa choláiste. Is é seo an chéad eagrán de *Scáthán* i ré nua inchorpraithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus is léir go n-éascaíonn agus go spreagann na tionscadail atá idir lámha ag Fiontar agus Scoil na Gaeilge (www.duchas.ie, www.ainm.ie, www.tearma.ie, www.logainm.ie, www.gaois.ie) taighde agus scríbhneoireacht nua.

Agus maidir leis na peileadóirí agus na polaiteoirí, b'fhéidir go mbeidh plé orthu siúd sa chéad eagrán eile de *Scáthán*...

[1] Alan Titley, "Peann agus Dúch", *Scáthán* (BÁC: 1979)
[2] Seán Ó hAodha, "An Coláiste ins na Caogaidí", *Scáthán* (BÁC: 1984)
[3] Titley, "Peann agus Dúch", *ibid.*




# Éalú




DÁN LE
**PATRICK NOLAN**


Thug mé cuairt ar áit gan réalt
múchadh an solas mór dalltach
a tharraing mé anuas
go domhan mínádúrtha

Tá spideog bheag ag eitilt
thar imeall na haille
tá na sióga ag rince sa choill
ag lorg leannáin nua

Ansin, tagann an madra rua
glic agus tapaidh
tá ocras air
is blas na cumhachta ina bhéal

Tosaím ar an tóraíocht fhada
dúshláin ag fanacht liom
glacaim leo go fonnmhar
mo shúile ar oscailt

**COISCÉIM**

**BUAITEOIR, 2ú DUAIS**
FILÍOCHT
*Urraithe ag* ***Coiscéim***




# SAOL AN FHILE

ALT LE
**CAITRÍONA NÍ CHLÉIRCHÍN (LÉACHTÓIR AGUS FILE, FSG)**

Uaireanta is aoibhinn beatha an fhile agus is gnóthach! Ní fhanann muid istigh sa seomra beag ar chúl an tí, linn féin ar an uaigneas i gcónaí. Bíonn pobal agus lucht léitheoireachta agus éisteachta ag teastáil ó fhile ar bith, i mo bharúil. Mar a tharlaíonn sé bhí an-chuid ócáidí ar siúl agam féin agus an-bhliain filíochta agam ó d'fhill mé ar Bhaile Átha Cliath an tráth seo anuraidh. Braithim i gcónaí gurb í an chathair croílár an chultúir.

Chuir mé tús le himeachtaí filíochta ar an 27 Eanáir 2016 nuair a thug mé caint agus léamh filíochta ag seimineár Chonradh na Gaeilge ar "Tábhacht na Gaeilge don Fhéiniúlacht Éireannach" i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath. Bhí mé beannaithe i measc na bhfear agus mé thuas ar an stáitse ansin ag caint mar aon le Michael McDowell, Máirtín Ó Muilleoir agus Fiach Mac Conghail agus an pictiúr álainn de Pharnell taobh thiar díom. Ba mhór an onóir agus an phribhléid dom labhairt ag an ócáid. Seo thíos sliocht as an chaint a thug mé sular léigh mé na dánta amach:

D'fhéadfaimis a rá gurb ionann teanga agus féiniúlacht ar bhealach nó gur cuid lárnach den fhéiniúlacht í an teanga. Sa deireadh thiar thall, is rud solúbtha í an fhéiniúlacht. (Níl san fhéiniúlacht féin ach suim smaointe, mothú agus eispéireas an duine.) Cruthaítear an fhéiniúlacht sa teanga: an fhéiníomhá. Sa dóigh gur cineál scátháin í an teanga orainn féin. Is cuid í an teanga den tsícé dhaonna agus de shícé an phobail. Cruthaítear smaointe trí mheán na teanga mar is trí mheán na bhfocal a dhéanann muid iarracht ar ár bpeirspictíochtaí ar an saol a roinnt le chéile.

Bealach í an teanga le muid féin a chur in iúl. Cuid í den chuimhne, den chomhfhios agus den neamh-chomhfhios príobháideach agus poiblí. Caidé sainiúlacht na Gaeilge mar sin? Dom féin, mar fhile agus scoláire Gaeilge, baineann sainiúlacht na Gaeilge le ceol na teanga féin, le saibhreas na logainmneacha, le draíocht an bhéaloidis agus leis an traidisiún liteartha chomh maith le fuinneamh na teanga féin lena cuid rithimí agus macallaí ceolmhara.

Déanann an Ghaeilge muid a shaibhriú agus a dhoimhniú ó thaobh cultúir de. Tugann sí anam dúinn. Dúirt Seosamh Mac Grianna tráth gurb í an litríocht anam na teanga ach measaim gurb í neamh-chomhfhios na teanga chomh maith. Dom féin mar fhile ag saothrú sa Ghaeilge, caithfidh mé a rá gur roghnaigh an teanga mé seachas a mhalairt. Cibé turas anama a bhí agus atá le déanamh agam is trí mheán na Gaeilge atá sé le déanamh.

Baineann spiorad agus meanma faoi leith leis an Ghaeilge, cultúr ársa agus baineann cumhacht mhothúchánach léi nach mbaineann leis an Bhéarla. Is dóigh liom go bhfuil an Ghaeilge níos cóngaraí don cholainn agus dá cuid rithimí agus go dtugann sí deis domsa mar fhile m'fhéiniúlacht bhaineann a chur in iúl ar bhealach níos saibhre ná an Béarla.

I mí an Mhárta bhí mo thriall ar an Fhrainc áit a raibh mé ag déanamh léamh filíochta ag ócáid speisialta in ómós do 1916 san Université de Bretagne Occidentale, i mo theannta,

bhí ambasadóir na hÉireann sa Fhrainc, Geraldine Byrne Nason. Bhí mé ag stopadh ar feadh lae i mBrest, mo lóistín agam os cionn theach tábhairne Éireannach ansin agus bhí deis agam labhairt le muintir na háite chomh maith le mo chara an Dr Ruth Nic Giolla Iasachta atá ag obair ansin agus Tomás Ó Ceallaigh. Aistríodh an dán a scríobh mé 'Macallaí 1916' go Fraincis agus Béarla. Ba mhór an spreagadh agus an pléisiúr a bhain mé as an ócáid.

I mí Aibreáin, léigh mé an dán céanna a chum mé in ómós do 1916 'Macallaí 1916' ar chéimeanna Theach na Cúirte, i mBaile Mhuineacháin mar chuid den chomóradh oifigiúil 'Monaghan 1916—Brought Back to Life' eagraithe ag an iarsmalann ansin. Tháinig Pearse, Connolly agus an dream ar fad amach ar na céimeanna ansin le forógra na Saoirse a léamh amach.

Ar an 18 Meitheamh 2016, thug mé léamh filíochta i dteannta Paula Meehan, Nuala Ní Dhomhnaill agus Theo Dorgan i leabharlann James Joyce sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, UCD, agus rinneadh taifead don chartlann ansin don 'Irish Poetry Reading Archive: The Voice of Irish Poets'.

Fuair mé cuireadh fosta chun léamh filíochta a dhéanamh in Ollscoil Luimnigh ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair 2016. Bhí tionlacan ceol cláirsí leis an chláirseoir Fiana Ní Chonaill ag an léamh agus shíl mé gur éirigh go han-mhaith leis sin mar phléigh muid na mothúcháin agus téamaí na bportanna agus na ndánta agus d'oibrigh siad go maith le chéile. Bhí sé go hálainn pilleadh ar Ollscoil Luimnigh toisc go raibh mé ag obair ansin idir Meán Fómhair agus Nollaig 2015.

Ar an 7–9 Deireadh Fómhair bhí Éigse Oirialla ar siúl in Ó Méith agus thug an Dr Pádraigín Ní Uallacháin cuireadh dom léamh filíochta a dhéanamh i dteannta leis an phíobaire Tiarnán Ó Duinchinn. Caithfidh mé a rá gur bhain mé barr suilt as an deireadh seachtaine toisc an saibhreas ceoil agus amhránaíochta a bhí ann. Bhí sé iontach a bheith ag léamh i dteannta píobaire áitiúil ó Chontae Mhuineacháin fosta. Spreag an ócáid dán nua ionam toisc go raibh mé ag cuimhniú siar ar fhilí Oirialla: Art Mac Cumhaigh, Peadar Ó Doirnín agus Cathal Buí Mac Giolla Ghunna. Thug mé an teideal 'AthOirialla' ar an dán agus toisc gur mise an t-aon fhile a bhí i láthair, bhraith mé freagracht agus uaigneas áirithe:

**AthOirialla**

Ó Méith faoi chlapsholas
tráthnóna i nDeireadh Fómhair
is conamar an choimheascair
ag titim ag an Éigse
soilse trasna an chuain
go contae an Dúin
sléibhte na Cuailgne dúghorm
i gcoinne spéire
fuaim shéimh na farraige
ag lapadaíl san oíche
is cumhra feamainne ar an aer
blaisim iontas arís
osclaíonn mo shúile athuair
téim ag comhrá le taibhsí
ólaim filíocht
ceol is amhráin
leanaim coiscéimeanna gan rian
fliuchaim mo bhéal
cuardaím Cathal Buí,
Peadar an Doirníneach
is Art Mac Cumhaigh
féachaint an bhfuil siad ag iarraidh
dul amach ar an téar
ach freagra uathu na radairí
cha bhfaighim...
is chan fhuil agam ach scadán amháin
agus dúlamán na binne buí...
gan chomhluadar filí.

Thig le saol an fhile a bheith an-uaigneach uaireanta le fírinne agus uaireanta bheifeá ag déanamh gur beag an meas agus an luach atá amuigh ansin sa domhan mór ar an fhilíocht. Ach turas anama atá san fhilíocht dom, é á dhéanamh mar shaothar grá 'labour of love'. Ní scríobhann éinne le pingneacha a shaothrú sa deireadh thiar. Mothaíonn tú uaireanta go bhfuil tú ar an imeall ar fad, go háirithe agus tú ag scríobh i nGaeilge toisc luachanna airgeadúla, ábharacha shochaí an lae inniu a bheith chomh bunoscionn sin le luachanna na filíochta. Mar sin, is mór an spreagadh don fhile é, nuair a fhaigheann sí cuireadh chun a cuid filíochta a léamh amach, mar níl ionainn ach daoine daonna agus tá misneach, comhluadar agus aitheantas uainn chun coinneáil a ghabháil ar aghaidh, chomh maith le héinne eile.


Bhí neart comhluadair agam i measc na bhfilí nuair a fuair mé cuireadh léamh filíochta agus caint a thabhairt chomh maith le páirt a ghlacadh ag seimineár faoi fhilíocht na mBan ag an Fhéile Bheag Filíochta, Mí na Samhna 2016 le mo chomhfhilí Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus Marcus Mac Conghail. (Bhuaigh mé duais Michael Hartnett i dteannta le Marcus, in Aibreán 2015 don dara cnuasach a scríobh mé *An Bhrídeach Sí*.) Ba é an file Simon Ó Faoláin a d'eagraigh an ócáid agus bhí sé galánta an deireadh seachtaine a chaitheamh leo i mBaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí. Thug mé caint fosta ag Meanmanra faoin tráma san fhilíocht i mBaile Átha Cliath ar an 21 Samhain 2016 i gClub na bPíobairí Uilinn.

Chun críoch a chur le himeachtaí filíochta na bliana, rinne mé léamh filíochta agus caint ar thionchar an Ríordánaigh ar mo shaothar féin ag Comóradh an Ríordánaigh, Baile Bhuirne 1–3 Nollaig 2016. D'eagraigh an Dr Tríona Ní Shíocháin agus an Dr Ríona Ní Churtáin an comóradh toisc go bhfuil céad bliain ann ó rugadh an Ríordánach. Bhí sé fíorálainn an cuireadh a fháil uathu agus iad a fheiceáil arís. Comóradh den scoth a bhí ann agus bhí na filí Liam Ó Muirthile agus Colm Breathnach agus Ailbhe Ní Ghearbhuigh i láthair fosta. Fuair muid deis iontach cúrsaí filíochta agus eile a phlé le chéile. Ba gheall le hoilithreacht dom cuairt a thabhairt ar Bhaile Bhuirne agus ar uaigh an Ríordánaigh.

Ag féachaint amach romhainn ar an bhliain úr seo, tugann sé an-mheanma agus misneach dom go bhfuil meas go fóill ar an fhilíocht i gcultúr na nGael. (Sílim go mbeidh orm níos mó ama a chaitheamh sa seomra beag liom féin i mbliana!) Ar Ghaillimh a bheas mo thriall san Earrach d'fhéile idirnáisiúnta na Cúirte ansin ag léamh mo chuid filíochta.

'Anois teacht an earraigh, tá an lá ag dul chun síneadh, is le teacht na féile Bríde, ardóidh mé mo sheol...'.

# CÉIMEANNA CEOLMHARA: COLM Ó FOGHLÚ



FAOI AGALLAMH AG
**CAOIMHE NÍ CHONGHAILE (B0id2)**

Ceoltóir, cumadóir, damhsóir, aisteoir, Gaeilgeoir, agus i gceann bliana nó mar sin, múinteoir. Sin agaibh cúpla bealach le cur síos a dhéanamh ar an mac léinn máistreachta Colm Ó Foghlú—agus ní liosta cuimsitheach fós é! Nuair a bhí tuirse an chéad seimeastair ag breith ar mhic léinn eile ag deireadh mhí na Samhna, bhí Colm ag réiteach don léiriú sa Cheoláras Náisiúnta ar dhá cheann dá shaothair, *The Star of Bethlehem* agus *Island Lullaby*.

Ó bheith ag comhrá ar an bhfón leis tráthnóna geimhridh amháin tar éis na Nollag, d'fhoghlaim mé faoi na saothair a thuill ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta dó—*Echoing*, *Gaelforce Dance* agus *Ceol ar Snámh ón Spéir Anuas* ina measc—agus mar a tháinig gnéithe éagsúla dá shaol le chéile agus é á gcruthú. D'fhoghlaim mé faoi na cúinsí ar leith a theastaíonn uaidh le dul i mbun cumadóireachta, na daoine a chuaigh i gcion air, na héachtaí pearsanta a chuireann an bród is mó air, agus ar ndóigh an cúlra agus an taithí a chabhraigh leis an rath atá anois air a bhaint amach.

Agus é an-óg, ba léir go raibh scoth an cheoil i mbuachaill Bhaile an Bhláinséara cé nach raibh ceol ar bith sa bhaile. Nuair a bhí sé sna bunranganna i Scoil Oilibhéir, dúradh lena mháthair, arb as Carna i nGaeltacht Chonamara ó dhúchas í, go raibh luí aige leis an bhfeadóg stáin agus gurbh fhiú é a chur chuig ceachtanna feadóige. Go dtí an lá inniu, 'sí an fheadóg D íseal an uirlis is fearr leis a sheinm.

D'fhreastail Colm ar ranganna amhránaíochta agus pianó le hAcadamh Ríoga an Cheoil freisin agus é óg. Thug mé suntas don méid a dúirt sé faoi sin, nach seinneadh sé na píosaí díreach de réir an scóir agus é á gcleachtadh, ach é go seasta ag baint spraoi astu, ag cur meascán nótaí agus cordaí leo a cheap sé féin a d'oirfeadh dóibh. Is dóigh gurbh é sin an chéad chomhartha go raibh féith na cumadóireachta ann! Ní raibh sé buartha faoina scrúduithe riamh, a dúirt sé, cé gur éirigh leis grád a hocht a bhaint amach. De bharr a chuid tallainne ar an uirlis, d'éirigh leis áit a thuilleamh sa tsraith 'Inspiring Composers' san *Irish Times* sa bhliain 1990 agus gan é ach sé bliana déag d'aois.

Níorbh é sin amháin a bhí ar siúl i saol Choilm ag an aois sin. Bhí sé ina mhac léinn i gColáiste Mhuire ar Chearnóg Pharnell agus cinntí móra le déanamh aige maidir lena thodhchaí agus leis an dá phaisean ba mhó ina shaol, ceol agus damhsa. Bhí an damhsa i gcónaí ina chuid mhór dá shaol freisin ó thug an múinteoir damhsa Bean Uí Shé (duine de mhuintir Uí Shé a bhí ar an gcéad dream le *Riverdance* a dhéanamh) cuairt ar Scoil Oilibhéir agus gur thug faoi ndeara go raibh bua an rince Ghaelaigh sna cosa aige. I ndeireadh thiar, shocraigh sé na bróga damhsa a chrochadh, cinneadh a thug chomh fada leis an mBaitsiléar sa Cheol in Ollscoil Chorcaí é.

Thíos i gCorcaigh casadh an léachtóir agus an ceoltóir Mícheál Ó Súilleabháin air. Ba ghnáth leis an Súilleabhánach ceol traidisiúnta na hÉireann agus ceol clasaiceach a nascadh le chéile le píosaí nua ceoil a chumadh. Thug an teicníc seo inspioráid do Cholm dá thodhchaí cumadóireachta féin, rud a léirítear go soiléir in *Ceol ar Snámh ón Spéir Anuas*, leagan Gaeilge de *Star of Bethleham*, ina mbaineann sé úsáid álainn as an gconsairtín.

Go gairid i ndiaidh dó a chéim a chríochnú in Ollscoil Chorcaí thug sé féin agus cúpla cara leis aghaidh ar Sydney na hAstráile ar feadh bliana. Más ag cuardach treo agus brí dó féin a bhí Colm, d'éirigh leis neart a aimsiú thall. Bhí sé 'san áit cheart ag an am ceart' tráthnóna amháin i dteach tábhairne ina raibh grúpa darbh ainm Gaelforce ag seinm. Bhí eolas ag fear ceannais an ghrúpa ar *Echoing*, ceann de dhlúthdhioscaí Choilm, agus d'iarr sé air ceol nua a chumadh dóibh. Thapaigh Colm an deis agus socraíodh damhsóirí a earcú le beocht fheiceálach a thabhairt don cheol nua. B'as sin a d'fhás an seó *Gaelforce Dance* (1996), a chonaic ceithre mhilliún duine le linn dóibh taisteal ar fud na cruinne leis.

Nuair a d'fhiafraigh mé de Cholm cén fáth gur cheap sé go raibh an rath seo ar *Gaelforce Dance*, luaigh sé cáil *Riverdance* ag an am, idirnáisiúnachas an damhsa agus an tslí gur seó níos pearsanta agus níos idirghníomhaí a bhí ann ná ceolchoirm chlasaiceach. Bhí an deis ag an slua bualadh bos a dhéanamh idir na míreanna, mar shampla.

Bhí spéis agam ansin, ar ndóigh, a chloisteáil faoi na cúinsí a theastaíonn











uaidh le cumadóireacht ar chaighdeán chomh hard a dhéanamh. Thug sé freagra suimiúil agus soiléir dom: díreach mar a theastaíonn smaoineamh ó scríbhneoirí sula dtosaíonn siad ag scríobh, teastaíonn scéal ó Cholm sula dtosaíonn sé ag cumadh. Ní leor gléas ceoil a roghnú agus dul uaidh sin! B'fhéidir nach é modh oibre chuile chumadóra é ach is cinnte go n-éiríonn leis agus na hAifrinn, na horatóirí agus na ceoldrámaí uilig atá scríofa ag Colm.


Tugann an léargas seo chomh fada lena mháistreacht drámaíochta muid, rud a thuill sé ón gColáiste Ollscoile, BÁC. Gan dabht, chabhraigh an chéim seo leis a leagan álainn ceolmhar féin de dhráma Phádraig Mhic Phiarais, *Eoghainín na nÉan*, a chur le chéile. Daoine fásta a bhí ag aisteoireacht sa dráma ach tháinig páistí, déagóirí agus daoine fásta araon chun é a fheiceáil. Dar le Colm, is é an t-éacht is mó é a bhain sé amach toisc gur éirigh leis na gnéithe éagsúla ealaíon dá shaol a tharraingt le chéile agus é ag comhoibriú le daoine eile chun dráma Gaeilge a bhfuil ardmheas aige air a chur ar stáitse.

Chaith Colm sealanna tar éis na máistreachta sin i mbun guthú a dhéanamh do chláracha páistí ar TG4. Bhíodh sé ag obair freisin le cóir scoileanna a chuir a chuid saothar ar siúl. Is i ngeall ar an sult a bhain sé as an obair sin a bheartaigh sé ar an máistreacht san oideachas bunscoile. Nuair a d'fhiafraigh mé de cén fáth nár roghnaigh sé dul ag múineadh ceoil i meánscoileanna ó tharla céim B.Mus. a bheith aige, labhair sé faoi na míbhuntáistí a fheiceann sé sa gcóras meánscoile, áit a mbíonn aird na scoláirí dírithe go mór ar thorthaí scrúduithe agus ar thorthaí scrúduithe amháin. Is fearr leis an tslí go bhfoghlaimíonn páistí bunscoile go neamhchomhfhiosach trí chluichí agus gníomhaíochtaí eile.

B'éigean dom freisin a fháil amach cén fáth gur roghnaigh sé dul le múinteoireacht ag an tráth seo dá shaol tar éis dó a bheith ag cumadóireacht, ag stiúradh, ag aisteoireacht agus ag láithreoireacht ar an teilifís le daoine móra le rá i saol na ndána in Éirinn agus thar lear. Dúirt Colm go dtaitníonn sé leis eolas cuimsitheach a fháil ar na gnéithe éagsúla dá shaol, agus go bhfuil an obair le páistí ar cheann de na gnéithe seo. Agus luaigh sé go mbeadh sé go deas a bheith in ann dul ag obair ar thionscadail cheoil, drámaíochta agus eile gan a bheith ag fanacht ar an gComhairle Ealaíon an t-airgead a sholáthar i dtosach!

Tá sé ag dréim anois le críoch na scrúduithe agus le socrúchán scoile an dara seimeastar ach amach anseo ba mhaith leis áis cheoil agus drámaíochta trí Ghaeilge a chur le chéile do mhúinteoirí bunscoile. Más fíor gach a ndúirt sé thuas níl amhras ar bith ach go n-éireoidh leis!

# Eibhlín



GEARRSCÉAL LE
**BEN PANTREY (BOid2)**

**BUAITEOIR, 2ú DUAIS**
DÉAGLITRÍOCHT
*Urraithe ag* ***Cois Life***

Aerfort Bhaile Átha Cliath; maidin fhuar. Ar oscailt gach mí sa bhliain, gach lá sa tseachtain, gach uair sa lá. Ballaí bána. Táim i mo shuí i gcúinne ciúin, ag ithe sceallóga agus ag féachaint amach ar na daoine. Clanna ag argóint. Páistí ag caoineadh. Mic léinn ina gcodladh in aice leis na staighrí, ar nós corpán.

An bhfuil gach duine anseo ag dul abhaile? Nó an bhfuil siad ag éalú on oileán seo? Cuirim síos an sceallóg atá i mo lámh agus seasaim suas. Cad fúmsa? Éalú? Mise?

Na ballaí bána timpeall orm. Timpeall, timpeall, gan éalú, i gcónaí gan aon seans. Bás, bás sa talamh, bás sa spéir. Braitheann mo chosa lag agus suím síos arís. Cuirim mo lámh ar m'éadan. Táim ag cur allais.

"An bhfuil tú críochnaithe?"

Fear le tráidire lán de bhia. Bean in aice leis.

"Tá brón orainn ach níl aon bhord eile saor... an bhfuil tú ag imeacht?"

"Táim... táim..." a fhreagraím agus piocaim suas mo thráidire. Bhí mé críochnaithe. Nuair atá tú críochnaithe, imíonn tú. Imím.

Seomra folctha, an ceann céanna atá i ngach uile aerfort: triomadóir glórach, scáthán salach, stalla amháin dúnta. Smáileog mascára faoi mo shúil chlé. Socraím an masc. Meascann an t-uisce te agus an t-uisce fuar le chéile sa doirteal agus síos leo le chéile. Síos, síos sa talamh agus ar ais go dtí lár na tíre, é le glanadh agus le húsáid arís. Anuas 's aníos 's arís 's arís 's arís. Ó dhubh go dubh. Maidin go hoíche. Gach lá sa seachtain, gach mí sa bhliain. Athraíonn uisce i gcónaí, go hoighear 's ceo, ach is uisce é fós.

Seasca faoin gcéad uisce, ach nuair a chuireann tú daoine sa talamh, cailleann siad uisce go sciobtha. Boladh uisce beatha taobh thiar den doras ag cúl an tseomra. Déanaim iarracht meangadh gáire a dhéanamh sa scáthán ach is bréag é, gan dabht.

"Eibhlín! Cá raibh tú? Tá an t-eitleán ag imeacht i gceann deich nóiméid!"

Seán atá ann, ag caitheamh éide ghorm oibre, mo dhála féin.

"Tá brón an domhain orm. Tharla... rud éigin."

"Ní bhíonn tú déanach rómhinic, a Eibhlín... Rud éigin?"

Ní fhreagraím.

Scuaine fhada, ag dul síos an dorchla cúng. Tá na ballaí róchóngarach dá chéile. Tógaim anáil fhada dhomhain. Isteach... Táim ag dul síos an staighre. Amach... Cloisim daoine ag caint agus ag gáire. Isteach... Ag bun an staighre agus anois... amach. Amach ar an rúidbhealach, an spéir scamallach. Fiú anseo braithim go bhfuil ballaí ar gach uile thaobh timpeall orm. An spéir bhán trom lastuas, an talamh fliuch liath laistíos.

Tá Seán ag gáire faoi rud éigin. Ní deirim aon rud. Déanaim iarracht meangadh beag gáire a dhéanamh. Isteach, a dó, a trí, a ceathair. Amach, a dó, a trí, a ceathair.

Leathshlí suas an staighre agus tugaim faoi deara na lanna ag rothlú. Tapa, níos tapa, níos tapa. Ag rothlú go suaimhneach. Rud éigin nach bhfuil ag bogadh agus rud éigin ag bogadh rósciobtha don tsúil dhaonna. Rothlaíonn an domhan go rósciobtha. Bímid ag rith thiar 's aniar gan bogadh leathorlach ón áit ina bhfuilimid.

Ar an eitleán, athraíonn gach rud go tobann. Nílim ag cur allais a thuilleadh agus tá sé éasca anáil a tharraingt. Tosaím ag gáire.

"Ag tnúth go mór leis an bhFrainc?" arsa an píolóta ag breathnú orm ón suíochán agus é ag gáire freisin.

"Ní bheidh tú ansin ach cúpla uair an chloig, a Eibhlín," a deir Seán. Tá sé ag gáire ach tá rud éigin ait faoin mbealach a bhfuil sé ag stánadh orm lena shúile glasa. "Agus ansin ar ais go dtí an tír is áille ar domhan."

"Ní bheidh," a fhreagraím, ach níl aon duine ag éisteacht, tá Seán ag rá rud éigin leis an bpíolóta faoi chúrsaí peile. Tagann na paisinéirí aníos an staighre agus isteach san eitleán, ach níl mé ag féachaint orthu, táim ag féachaint amach ar an bhfuinneog.

Smaoiním faoi Éirinn. Na maidineacha gearra. Na tráthnónta fada. Na hoícheanta gan réaltaí. Gach mí. Gach lá. Gach uair.

Áit nua. Daoine nua. Mise nua. Aon rud, ó a dhiabhail, aon rud nua. Nílim in ann leanúint ar aghaidh gan aon rud nua mar seo.

Tosaíonn leanbh ag caoineadh. Osclaíonn déagóir paicéad criospaí. Blaisim salann agus cuirim mo mhéar suas go dtí m'aghaidh. Táim ag caoineadh. Taobh amuigh den fhuinneog, tá dath gormghlas. Meascann an talamh agus an fharraige le chéile, mar a bheadh péintéireacht theibí, gan bhrí ná údar.

Tamall beag anois. Beirim greim ar rud éigin, aon rud. Ní mór an feitheamh anois. Fiacla, dorn 's súile druidte. Isteach... Amach... Isteach...

Amach...

Amach.

# ANAITHNID



SCÉAL LE
**REBECCA LAWLESS (B0id2)**


Ding dong, dhúisigh guth dian an láithreora an cailín óg leochaileach a bhí brúite ina cnap ar chathaoir faoin gcallaire. Bhreathnaigh sí timpeall go míshuaimhneach agus chroith sí a ceann. Ar éigean a chreid sí go raibh sí chomh hamaideach sin dul a chodladh in áit chomh gnóthach le hAerfort Gatwick agus í ina haonar. Rinne sí a slí go dtí geata a naoi go tuisleach agus mearbhall uirthi. Lá fada a bhí ann. Dhúisigh sí ag a cúig an mhaidin sin agus í tuirseach traochta leis an easpa codlata. Chuir sí uirthi na héadaí ba chompordaí sa chófra; rinne sí ceapaire go sciobtha; rug sí ar a cóta agus bhrostaigh sí amach an doras chun léim isteach sa hacnaí áitiúil a bhí ag fanacht uirthi.

Smaoinigh sí ar an turas sin óna baile tuaithe go Leitir Ceanainn, agus as sin ar an mbus go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Seacht n-uaire an chloig déag ó shin, b'in uile, ach bhraith an cailín óg go raibh an t-am sin na blianta ó shin agus í ag breathnú siar ar na heachtraí ar fad a tharla idir an dá linn. Bhí uirthi an t-aistear gearr thar Mhuir Éireann a dhéanamh chun dul faoi scian...rud nach raibh sí in ann a dhéanamh ina tír dhúchais, beag beann ar an leithscéal a bhí aici. Gan spraoi ar bith ag baint le turas mar sin, go háirithe ina haonar.

Ach bhí sí cleachtaithe leis an modh maireachtála sin, thaistil sí an domhan mór ina haonar... cuid den chúis go raibh sí i bponc ceart anois. "B'fhéidir," a cheap sí agus í ag bordáil, "dá ligfinn do dhuine teacht liom ní bheadh an drochdhóigh seo orm." Ach bhí sé ródhéanach don aiféala anois...

*Tá an scéal seo ar fáil le léamh ina iomláine ar **www.scathan.ie**.*

# RÁIG



SCÉAL LE
**SARAH BETH HENRY (GI2)**

D'imigh mé de ráig ag barr an lána, an lána a thug slí isteach chun na sléibhte, agus Lucy á leanúint agam. Ní fhaca mé ach a scáth os mo chomhair, bhí sí ag rith chomh tapa sin. Rinne mé mo sheacht ndícheall coinneáil suas léi, mé iontach fiosrach faoi Lucy agus faoin rud a bhí ag cur as go mór di. Lean sí ag rith tamall fada agus ansin, go tobann, stop sí.

Stop mé in aice le Lucy. Rug sí greim daingean ar mo rosta. D'fhéach mé uirthi. Bhí dath an bháis uirthi agus í ag stánadh go géar ar an talamh. Sheas sí mar a bheadh dealbh ann.

Thosaigh mo chosa fúm ag crith. Fágadh mé i mo staic, mo bhéal tirim ag an bpointe seo. Chas mé mo shúile ó aghaidh Lucy agus d'fhéach mé go mall ar an talamh in aice linn.

Níor chreid mé fianaise mo dhá shúl. Chonaic mé an fhuil, í ag meascadh le duillí na gcrann agus salachar an talaimh. An chéad mharbhán a chonaic mé riamh. Chaoch mé mo shúile cúpla uair. Ní raibh me in ann bun ná barr a dhéanamh den radharc a bhí os mo chomhair. Bhí corp fuar spréite ar an talamh.

Fear ard, tanaí a bhí sínte romham. Bhí sé gléasta i róbaí síoda, iad álainn ildathach, clúdaithe anois le cré thais. Bhí Lucy in aice liom, í socair go leor, ag análú isteach is amach go ciúin, amhail is go raibh faoiseamh uirthi. Aisteach go leor, mhothaigh mé trua di.

D'fhéach mé timpeall orm. Thug mé faoi deara an áit ina raibh mé i mo sheasamh. Níor thug mé aird ar an suíomh timpeall orm go dtí seo, agus an oiread eile a bhí ar m'intinn. Bhí fuaimeanna na n-ulchabhán ag líonadh an aeir go huaigneach...

*Tá an scéal seo ar fáil le léamh ina iomláine ar **www.scathan.ie**.*

# IS CLOÍTE AN GALAR AN GRÁ



SCÉAL LE
**CHELSEY MURRAY (BA3)**

*21/09/16 10:00am Club Thine Ifrinn*

Bhraith sé an t-ardú mall teasa ag snámhaíocht suas a aghaidh, é dearg-ghnúiseach faoin fhéasóg choilgneach. Bhí a fhios aige go raibh gach duine ag breathnú air. Ag breathnú agus ag stánadh air agus é ina mheisceoir uaigneach. Aréir, nó ba chirte a rá, go moch ar maidin, d'ól sé braon thar a cheart. Dúirt na buachaillí rudaí nar thaitin leis: 'Ní óg atá sé anois', 'Is seanbhaitsiléir é Pádraig', agus 'Gheobhaidh tú an seanphinsean go luath'.

Bhí sé ina ula mhagaidh acu. Ní thagann an óige faoi dhó choíche. Bhí an aois ag teacht air agus an t-uisce beatha á ól go tréan aige. Cad a bhí le taispeáint aige tar éis an tsaoil? Bhí an post seo aige ach ba phost fánach é. Faoi dheireadh na hoíche, chonaic Pádraig Ó Sé an radharc a bhí thíos faoi.

Bhí súile na cuideachta uile dírithe air agus é ag amharc síos ar an talamh. Seo chugainn é, ag éagaoineadh faoina shaol agus póit an diabhail air, agus os a chomhair amach, cailín óg ar an talamh, í clúdaithe le salachar. Déarfá go raibh cuma an chailín óig uirthi. Shíl sé dó féin go mbeadh tinneas cinn níos measa uirthise ná mar a bhí airsean, má bhí sí ina beatha fós. Má bhí.

Bhí poll mór ar chúl a cinn, sioctha le fuil mar gur chruaigh an fhuil isteach sa chuas. Ba chosúil gur buaileadh ar chúl a cinn í le huirlis ghéar. Cheap sé go raibh an phóit mar a bheadh pionós ann do na drochrudaí a bhí deanta aige.

*Tá an scéal seo ar fáil le léamh ina iomláine ar **www.scathan.ie**.*

# Caitheamh Aimsire



DÁN DO PHÁISTÍ LE
**WENDY BUCHANAN (B0id3)**

Is maith liom a bheith ag ithe,
Is breá liom a bheith ag ól,
Is aoibhinn liom a bheith ag imirt peile,
Ach is fearr liom a bheith ag seinm ceoil.

Is maith liom a bheith ag damhsa,
Is breá liom a bheith ag marcaíocht,
Is aoibhinn liom a bheith ag imirt haca,
Ach is fearr liom a bheith ag rothaíocht.

Is maith liom a bheith ag imirt rugbaí,
Is breá liom a bheith ag babhláil,
Is aoibhinn liom a bheith ag deanamh míreanna mearaí,
Ach is fearr liom a bheith ag clárscátáil.

Is maith liom a bheith ag scipeáil,
Is breá liom a bheith ag bádóireacht,
Is aoibhinn liom a bheith ag campáil,
Ach is fearr liom a bheith ag iascaireacht.

Cad iad na rudaí a dhéanann tú féin,
Nuair atá tú bréan den scoil agus den léann?

# An Cáca Nollag



DÁN LE
**LAURA WELCH (B0id3)**


Mise an Cáca Nollag
i lár an bhoird
ag fanacht ar an mbás

Mise an Cáca Nollag
lán le torthaí milse
san atmaisféar sona

Mise an Cáca Nollag
ag cur allais i lár stáitse
gach súil ormsa

Mise an Cáca Nollag
táim réidh
seo chugam an scian.

# Bogha Báistí



DÁN DO PHÁISTÍ LE
**CHEYENNE HOLMES (B0id3)**

An bháisteach ag teacht
anuas, anuas, anuas.

Chodail mé
chun faoiseamh a fháil.

Nuair a dhúisigh mé,
d'fhéach mé amach an fhuinneog:

dearg, oráiste, buí,
glas, gorm, corcra.

Draíocht ag lonradh
thuas sa spéir.

FAIGH NA SCÉALTA AR FAD

TUILLEADH ALT LE LÉAMH AR

WWW.SCATHAN.IE

1977

2017

WWW.SCATHAN.IE

DCU